

**ÚDARÁIS
ÁITIÚLA LÚ
TUARASCÁIL
BHLIANTÚIL**



2010



Clár

Comhóráid ón mBainisteoir Contae agus ó na Cathaoirligh agus ón Méara	3
Toghcheantair	4
Comhaltaí Chomhairle Contae Lú 2010	5
Comhaltaí Chomhairle Baile Dhún Dealgan	7
Comhaltaí Chomhairle Buirge Dhroichead Átha	8
Comhaltaí Chomhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia	9
Foireann Shinsearach Údaráis Áitiúla Lú	11
Seirbhísí Corparáideacha	13
Tithíocht i bPobail	19
Iompar & Muirí	31
Seirbhísí Uisce, Comhshaoil agus Éigeandála	33
Bainistíocht Forbartha	37
Forbairt Eacnamaíochta	39
Geata Réigiúnach	41
Ealaíona, Cultúr & Fóillíocht	43
Rúnaíocht an Bhoird Forbartha Contae	47
Daonlathas Áitiúil	49
Táblaí & Aguisíní	51
<i>Príomhtháscairí Feidhmíochta</i>	52
<i>Figiúirí Airgeadais</i>	63
<i>Taifead Tinrimh na gComhaltaí ag Comhdhálacha</i>	67
<i>Íocaíochtaí le Comhaltaí as freastal ar chruinnithe, ar choistí, íocaíochtaí ionadacha, srl.</i>	71
<i>Ionadaíocht ar CBS/CBC, srl.</i>	72

Comhóráid ón mBainisteoir Contae agus ó na Cathaoirligh/ón Méara

Is áthas liom, thar ceann Údaráis Áitiúla Lú, Tuarascáil Bhliantúil 2010 chur i láthair.

Bliain dhúshlánach eile ab ea í ó thaobh an gheilleagair de ach d'éirigh leis na Comhaltaí Tofa agus an fhoireann araon seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar dár gcustaiméirí agus dár gcliaint, mar is gnáth. Léiríonn an tuarascáil seo na dúshláin agus aibhsítear ann na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun féachaint chuige go gcuirtear croíseirbhísí ar fáil go tráthúil agus go cuí d'ainneoin an laghdú leanúnach ar acmhainní.

Is é cuspóir lárnach na nÚdarás Áitiúil timpeallacht inar féidir poist a chruthú a chothú agus a chur chun cinn. Rinneadh dul ar aghaidh sa mhéid sin sa bhliain 2010 trí bhithin Fóram Eacnamaíoch gníomhach a tháirg dhá cheann de mhórhphleananna gníomhaíochta don chontae inar díriodh ar Infheistíocht Dhíreach Eachtrach agus ar Fhuinneamh Inbhuanaithe. Ach tionscnaimh den sórt sin a bheith rollta amach sna blianta atá amach romhainn, táimid cinnte go mbeidh rath ar chruthú fostaíochta.

Leasaíodh na struchtúir pholaitiúla agus na struchtúir foirne sa bhliain 2010, rud a chabhraigh go mór chun leibhéil seirbhíse a choimeád agus éifeachtacht a fheabhsú. Díriodh i gcónaí ar chostais oibriúcháin ó lá go lá sa bhliain 2010 agus rinneadh gach iarracht chun éifeachtacht a fheabhsú agus airgead a spáráil ar fhuinneamh agus ar bhreosla.

Oibríonn an fhoireann i ngach ceann de na trí údarás go dlúth le grúpaí pobail agus cónaitheoirí, cuid acu nár bunaíodh go dtí le deireanas, chun tacú lena n-iarrachtaí an timpeallacht ina mairimid a fheabhsú.

Ionadaithe pobail a oibríonn in éineacht le Baill Thofa agus le gníomhaireachtaí reachtúla eile ar fhóraim éagsúla, lena n-áirítear an Bord Forbartha Contae, na Coistí Straitéiseacha agus Beartais Chathartha, na Comhchoistí Póilíneachta, an Comhaontas Aoisdháimhiúil agus Comhpháirtíocht Síochána agus Athmhuintearais Peace III chomh maith leis an bhFóram Pobail agus Deonach, díríonn siad ar ghnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha den saol sa chontae seo againne, agus cabhraíonn siad chun áit tharraingteach cónaí, oibre caitheamh aimsire agus oideachais a dhéanamh den chontae.

Agus an Tuarascáil Bhliantúil á cur i láthair againn aithnímid na dúshláin mhóra atá romhainn agus admhaímid a thiomanta agus a dhílse atá an fhoireann agus na comhaltaí araon. Trí chomhaontais ríthábhachtacha leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí eile soláthraíonn siad ceannaireacht éifeachtach agus seirbhís éifeachtach ar ardchaighdeán do mhuintir Lú.



Conn Murray
Bainisteoir Contae
Údaráis Áitiúla Lú



Peter Savage
Cathaoirleach
Comhairle Contae Lú



Conor Keelan
Cathaoirleach
Comhairle Baile Dhún Dealgan




Paul Bell
Méara
Comhairle Buirge Dhroichead



Padraig McKenny
Cathaoirleach
Comhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia

Toghcheantair



An Toghchlár

Aithníonn an Chomhairle an fhreagracht atá uirthi a áirithiú go dtugtar deis vótála do gach saoránach atá cáilithe chun vótála. Cuirtear clár i dtoll a chéile gach bliain de na saoránaigh ar fad a bhfuil teideal vótála acu i dtoghcháin áitiúla, in olltoghcháin, agus i dtoghcháin uachtaránachta agus i reifrinn.

Ceantar

Líon na ndaoine ar an Toghchlár

Baile Átha Fhirdhia	17,683
Droichead Átha Thoir	19,712
Droichead Átha Thiar	13,305
Dún Dealgan/Cairlinn	18,708
Dún Dealgan Theas	20,552

Comhaltai Chomhairle Contae Lú

Dún Dealgan / Cairlinn



Fine Gael
Terry Brennan



Sinn Féin
Edel Corrigan



Sinn Féin
Jim Loughran



Neamhpháirtí
Jim Ryan



Fianna Fáil
Peter Savage

Dún Dealgan / Theas



Neamhpháirtí
Martin Bellew



Fianna Fáil
Declan Breathnach



Fine Gael
Jim D'Arcy



An Comhaontas Glas
Marianne Butler



Neamhpháirtí
Alan Grehan



Sinn Féin
Tomás Sharkey

Droichead Átha Thiar



An Lucht Oibre
Paul Bell



Fine Gael
Anthony Donohoe



Fianna Fáil
Frank Maher



Sinn Féin
Paddy McQuillan

Comhaltaí Chomhairle Contae Lú *ar leanúint*

Droichead Átha Thoir



Fianna Fáil
Tommy Byrne



Neamhspleách
Frank Godfrey



Sinn Féin
Imelda Munster



An Lucht Oibre
Gerald Nash



Fine Gael
Michael O'Dowd



Fine Gael
Oliver Tully

Baile Átha Fhirdhia



Fine Gael
Jim Lennon



Fine Gael
Colm Markey



Fine Gael
Finnan McCoy



Sinn Féin
Pearse McGeough



Fianna Fáil
Liam Reilly

Comhaltaí Chomhairle Baile Dhún Dealgan



Neamhpháirtí
Martin Bellew



Fianna Fáil
Sean Bellew



An Comhaontas Glas
Marianne Butler



Fine Gael
Jim D'Arcy



An Comhaontas Glas
Olan Herr



Sinn Féin
Jennifer Green



Fianna Fáil
Conor Keelan



Sinn Féin
Kevin Meenan



Neamhpháirtí
Oliver Morgan



Fine Gael
Eamonn O'Boyle



Neamhspleách
Jim Ryan



Sinn Féin
Harry Todd

Comhaltaí Chomhairle Buirge Dhroichead Átha

Comhaltaí Chomhairle Buirge Dhroichead Átha



An Lucht Oibre
Paul Bell



Fine Gael
Kevin Callan



Sinn Féin
Matthew Coogan



Fine Gael
Richie Culhane



Fine Gael
Anthony Donohoe



Socialist Party
Frank Gallagher



Fianna Fáil
Frank Maher



Sinn Féin
Imelda Munster



An Lucht Oibre
Gerald Nash



Fine Gael
Michael O'Dowd



Neamhpháirtí
Ken O'Heiligh



Sinn Féin
Dom Wilton

Comhaltaí Chomhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia

Comhaltaí Chomhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia



Neamhpháirtí
Michael Farrelly



An Lucht Oibre
Leonard Hatrick



An Comhaontas Glas
Mary Kavanagh



Fianna Fáil
Fintan Malone



Fine Gael
Finnan McCoy



Sinn Féin
Pearse McGeough



Fianna Fáil
Pdraig McKenny



Fine Gael
Dolores Minogue



Neamhpháirtí
Jim Tenanty

Comhaltaí Chomhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia

Foireann Shinsearach Údaráis Áitiúla Lú

Comhairle Contae Lú

Comhairle Contae Lú..... Conn Murray

Stiúirtheoirí Seirbhísí

Forbairt Eacnamaíoch, Iompar agus Pleanáil don Todhchaí..... Michael Curran

Seirbhísí Uisce, Comhshaoil agus Éigeandála..... Des Foley

Tithíocht, Pleanáil Pobail, Beartas Sóisialta agus Seirbhísí Corparáideacha..... Joe McGuinness

An Bord Forbartha Contae agus Ábhair Trasteorann..... Joan Martin

Na Leabharlanna agus na hEalaíona..... Frank Pentony

Ceannasaí Airgeadais..... Bernadette Woods

Ceannasaí TF..... Eugene Mulholland

Leabharlannaí Contae..... Bernadette Fennell

Oifigigh Feidhmiúcháin Shinsearacha

Acmhainní Daonna..... Colette Moss

Rúnaíocht CDB/Seirbhísí Corparáideacha..... Paddy Donnelly

Tithíocht..... Willie Walsh

Comhshaoil..... Mary Murtagh

Leabharlann..... Amanda Branigan

Cuntasóir Airgeadais..... Brian Lynch, Roisín McAuley

Oifigigh Riaracháin

Seirbhísí Dóiteáin..... David Jones

Iompar..... Eugene McManus

Pleanáil..... Pauline Watters

Mótarchánachas..... Fiona Downes

Acmhainní Daonna..... Anne D. Callan

Airgeadas..... Pauline Goss

Seirbhísí Sláintíochta..... Brenda O'Brien

Rúnaíocht CDB..... Mary Deery, Ellen O'Hanlon

Tithíocht..... Therese McArdle

Forbairt Eacnamaíoch agus Pleanáil don Todhchaí..... Michael McCabe

Leabharlann..... Amanda Branigan

Innealtóirí Sinsearacha

Iompar..... Gerry Kelly

Seirbhísí Sláintíochta..... Mark O'Callaghan

Comhshaoil..... Raymond McKenna

Innealtóirí Feidhmiúcháin Sinsearacha

Iompar..... Frank Magee

Tithíocht..... Donal Clarke

Ceantar Bhaile Átha Fhirdhia..... Paul Gallagher

Tuaisceart an Chontae..... Pádraig O'Hora

Deisceart an Chontae..... Paddy Connolly

Seirbhísí Sláintíochta..... Keith Hanratty, Peadar McGuinness

Comhshaoil..... Declan McMahon

Iompar..... Vincent Toner

Pleanálaithe Feidhmiúcháin Sinsearacha..... Marguerite Quinn, Terence Savage

Oifigeach Ealaíon an Chontae..... Brian Harten

Cróinéir an Chontae..... Ronan Maguire

Oifigeach Tréidliachta an Chontae..... Garret Shine

Príomhoifigeach Dóiteáin..... Eamon Woulfe

Oibrí Sóisialta Sinsearach..... Catherine Vaughan

Comhordaitheoir Chomhpháirtíocht Spóirt Lú..... Mary Browne

Oifigeach Aoisdháimhiúil..... Catherine McGuigan

Príomhtheicneoir..... Paddy Birch

Oifigeach Oidhreacht..... Brendan McSherry

Foireann Shinsearach Údaráis Áitiúla Lú

Oifigigh Foirne Sinsearacha

Seirbhísí Corparáideacha agus Acmhainní Daonna.....	Mary Gormally
Turasóireacht & Tacaíocht Gnó.....	Nessa McCartan
Oifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre.....	Angela Muckian
Pleanáil.....	Mary Jennings
Seirbhísí Uisce.....	Siobhan Rice, Sinead Lally
Forbairt Eacnamaíoch/Pleanáil don Todhchaí.....	Sinead McVerry
Oifigeach Forbartha Peace III.....	Paddy Drumgoole
Móréigeandála.....	Gregory Flanagan

Comhairle Buirge Dhroichead Átha

Bainisteoir Contae.....	Conn Murray
Stiúrthóirí Seirbhísí.....	Joan Martin
Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach.....	Mary T. Daly
Oifigigh Riaracháin.....	Jeanne Rushe, Brona O'Reilly, Marian Whearty
Oifigigh Foirne Sinsearacha.....	Christine Mullen, Alison Condra
Innealtóir na Buirge.....	Pat Finn
Innealtóirí Feidhmiúcháin Sinsearacha.....	Padraig Judge, Martina Sheeran
Pleanálaí Feidhmiúcháin Sinsearach.....	Emer O'Callaghan
Príomhoifigeach Dóiteáin Cúnta.....	Joe Lumsden
Comhordaitheoir RAPID.....	Valerie Atherton

Comhairle Baile Dhún Dealgan

Bainisteoir Contae.....	Conn Murray
Stiúrthóirí Seirbhísí.....	Frank Pentony
Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach.....	Dave Storey
Oifigigh Riaracháin.....	John Lawrence, Joan Smith
Oifigigh Foirne Sinsearacha.....	Anne McDonnell, Eileen McEnteggart, Veronica Traynor, Mary Cappelis
Innealtóir an Bhaile.....	Catherine Duff
Innealtóirí Feidhmiúcháin Sinsearacha.....	Peter McVeigh, Pat Stuart
Pleanálaí Feidhmiúcháin Sinsearach.....	Sinead Mullen
Príomhoifigeach Dóiteáin Cúnta.....	John Cummins
Comhordaitheoir RAPID.....	Paula Gribben

Comhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia

Bainisteoir Contae.....	Conn Murray
Cléireach an Bhaile.....	Mairéad Duffy

Lucht Scoir Ó Údaráis Áitiúla Lú Sa Bhliain 2010

Stiúrthóir Seirbhísí.....	Eamonn Walsh
Pleanálaí Contae.....	Gerry Duffy
Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach: Seirbhísí Corparáideacha.....	Patsy Fitzsimons

Seirbhísí Corparáideacha

Coistí Ceantair

Cheap na trí choiste ceantair atá ar aon dul leis na toghcheantair cathaoirleach bliana suas go dtí Meitheamh 2011.

Coiste Ceantair	Cathaoirleach	Cruinnithe Tionólta
Dún Dealgan Cairlinn/Dún Dealgan Theas	An Clr. Jim Loughran	An dara Luan de gach mí
Baile Átha Fhirdhia	An Clr. Pearse McGeough	An ceathrú Déardaoin de gach mí
Droichead Átha Thoir/ Droichead Átha Thiar	An Clr. Tommy Byrne	An chéad Luan de gach mí

Comhchoistí Póilíneachta

Ceanglaíonn Acht an Gharda Síochána 2005 ar údaráis áitiúla comhchoistí póilíneachta a bhunú ina limistéar feidhme i gcomhar leis an nGarda Síochána. Feidhmíonn na coistí seo mar fhóram ina féidir dul i gcomhairle mar gheall ar phóilíníú na gceantar áitiúil, í a phlé agus moltaí a dhéanamh maidir léi, mar aon le hathbhreithniú a dhéanamh ar leibhéal agus ar phátrúin choireachta, mhí-oird agus iompair fhrithshóisialta agus moltaí a thabhairt do na húdaráis áitiúla agus don Gharda Síochána faoin tslí is fearr le dul i ngleic leis na fadhbanna sin. Comhaltaí agus oifigigh de chuid na n-údaráis áitiúil atá ar an bhfóram, mar aon le hionadaithe an Gharda Síochána, ionadaithe pobail agus comhaltaí den Oireachtas.

D'fhaomhaigh Comhairle Contae Lú bunú na dtrí Chomhchoiste Póilíneachta bunaithe ar bhailte Dhún Dealgan, Dhroichead Átha agus Bhaile Átha Fhirdhia ar aon dul le struchtúr na gcoistí ceantair agus le ceantair póilíneachta an Gharda Síochána. Cinneadh chomh maith go mbunófaí Grúpa Stiúrtha den Chomhchoiste Póilíneachta comhdhéanta de Chathaoirleach Chomhairle Contae Lú, cathaoirligh na gcomhchoistí póilíneachta, an Bainisteoir Contae agus Ard-Cheannfort an Gharda chun oibriú na dtrí choiste a threorú agus monatóireacht a dhéanamh air.

Comhchoiste Póilíneachta	Cathaoirleach
Droichead Átha	An Clr. Frank Maher
Baile Átha Fhirdhia	An Clr. Padraig McKenny
Dún Dealgan	An Clr. Martin Bellew

Gheofar cuntas ar ghníomhaíochtaí Chomhchoistí Póilíneachta an Chontae i dtuarascáil a ullmhaíodh de réir Alt 36(5) d'Acht an Gharda Síochána. 2005.

Seirbhísí Corparáideacha

An Grúpa Beartais Chorporáidigh

Ceanglaíonn an tAcht Rialtais Áitiúil 2001 ar gach comhairle contae coiste a bhunú, ar a dtabharfar an Grúpa Beartais Chorporáidigh (GBC), comhdhéanta de Chathaoirleach na Comhairle Contae agus cathaoirleach na gCoistí Beartais Straitéisigh. Is í feidhm gach grúpa comhairle agus cúnaimh a sholáthar don chomhairle tofa maidir le ceapadh beartais, forbairt beartais, monatóireacht agus athbhreithniú ar bheartas. Bhí aon cheann déag de chruinnithe ag an GBC le linn 2010 agus socraíodh sceideal de chruinnithe míosúla i dtreo dheireadh na bliana. Príomhaidhm de chuid an ghrúpa ná athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár oibre do chruinniú míosúil na Comhairle Tá páirt thábhachtach ag an ngrúpa, leis, i gceapadh an bhuiséid bhliantúil agus i réiteach an Phlean Chorporáidigh.

Cruinnithe Comhairle

Bíonn cruinniú míosúil ag Comhairle Contae Lú ar an tríd Luan de gach mí. Ina theannta sin bíonn cruinniú reachtúil buiséid agus cruinniú bliantúil aici mar aon le cruinnithe speisialta ó am go chéile de réir mar is gá chun déileáil le nithe éagsúla, an t-athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae, mar shampla. Cúig chruinniú dhéag a bhí ann le linn 2010.

Tionóladh Cruinniú Buiséid an 20 Nollaig 2010 ag ar bhreithnigh an Chomhairle caiteachas ioncain comhlán de €68,207,415 don bhliain 2011 agus ag ar glacadh ráta bliantúil ar luacháil de €55.08 agus tobhach breise de €1.815 ar son ceantar Chomhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia.

San áireamh sa tuarascáil a cuireadh faoi bhráid na Comhairle mar aon leis an dréachtbhuiséad bhí tuairisc ó gach stiúrthóireacht ar an dul chun cinn a rinneadh le linn 2010 i bhfianaise an Phlean Chorporáidigh roimhe sin chun géilleadh do riachtanais Alt 134 (ii) den Acht Rialtais Áitiúil 2001.

Fáiltithe Do Shaoránaigh

Údarás Áitiúil	Dáta	Faigheoir	Gnóthachtáil	Costais
Ceantar Bhaile Átha Fhirdhia: & Comhairle Contae Lú (Comhfhiontar)	19/10/10	Bunscoil Educate Together Bhaile Átha Fhirdhia	Buaiteoirí Dhuais na mBunscoileanna i gComórtas na mBailte Slachtmhara	€256.55
Comhairle Contae Lú	20/10/10 <i>Athsceidealta to 28/10/10</i>	Coiste Bailte Slachtmhara Bhaile an Tallúnaigh	Buaiteoirí Dhuais Náisiúnta na mBailte Slachtmhara	€587.27
Comhairle Contae Lú	8/11/10	Kyle Norton	Buaiteoir trí bhonn sna Cluichí Oilimpeacha Speisialta	€184.56
Comhairle Baile Dhún Dealgan	12/01/10	Oifigigh agus Oifigeach Neamhchoimisiúnait he agus Saighdiúirí i nDún Mhic Aogáin	To honour the personnel from Aiken Barracks on the occasion of the deployment of the 102 Infantry Battalion to Chad	€194.09
Comhairle Baile Dhún Dealgan	21/3/10	Donncha Ó Dulaing	"Céad míle Fáilte" to Donncha O'Dulaing on his visit to Dundalk as part of the Flight of the Earls, 50th Anniversary Fundraising Journey on behalf of the Irish Wheelchair Association	€147.55
Comhairle Baile Dhún Dealgan	24/6/10	Na Cluichí Oilimpeacha Speisialta	Duaiseanna sa Chraobhchomórtas Náisiúnta le deireanas i Luimneach	€850
Comhairle Baile Dhún Dealgan	20/9/10	Foireann an Dúin	As imirt i gCluiche Ceannais Peile na hÉireann	€52.00
Comhairle Baile Dhún Dealgan	18/11/10	Foireann Lú	Foireann Pheil Gaelaí Shóisearach Mhná Lú agus Foireann Peile Shinsearach Lú	€816.50
Comhairle Buirge Dhroichead Átha				



Clár na dTogthóirí

Mhéadaigh Clár deiridh na dTogthóirí go 89,960 togthóir le héifeacht ón 15 Feabhra 2010.

Clár Atheagraithe na dTogthóirí

Bhí 3,465 ainm ar an gClár Atheagraithe Togthóirí deiridh le héifeacht ón 15 Feabhra 2009.

Toghcháin le linn 2010

Ní raibh aon toghchán ann.

Deontais Ardoideachais

Ghlac Comhairle Contae Lú Scéim na nDeontais Ardoideachais ag a chruinniú den 21 Meitheamh 2010. Íocadh €4,804,859.81 san iomlán in iarratais ar Dheontais Ardoideachais le linn 2010.

Líon na nDeontais Athnuaite a Deonaíodh i mBliain Acadúil 09/10 **409**

Líon na nDeontais i gcás Iarratas Nua a Deonaíodh i mBliain Acadúil 09/10 **339**

Scéim na Gaeilge

Príomhchuspóir is ea é i gcónaí na gealltanais a tugadh faoi Scéim Ghaeilge Údarás Áitiúla Lú a chomhlíonadh agus tá i gceist againn géilleadh do na hoibleagáidí reachtúla faoi mar atá leagtha amach sa scéim.

Ar an dul chun cinn a rinneadh sa bhliain 2010 bhí fiche faoin gcéad den suíomh Gréasáin a chur ar fáil i nGaeilge. Tá lear mór foirmeacha iarratais ar fáil sa dá theanga ar an suíomh Gréasáin. Cuireadh páipéarachas corparáideach nua ar fáil sa bhliain 2010 ina gcuirtear béim níos mó ar an nGaeilge. Cuirtear fáilte roimh chomhfhreagras Gaeilge i bhfoirm litreacha nó ríomhphoist agus tugadh gealltanais sa bhliain 2010 go dtabharfaí freagra as Gaeilge laistigh de thamall gearr.

Cuireadh tuarascáil ar an athbhreithniú trí bliana ar an scéim faoi bhráid an Choimisinéara Teanga sa bhliain 2010 agus beidh an fhoireann ag obair as lámha an Chigire in oifig an Choimisinéara chun lánghéilliúlacht a chinntiú.

Aithnítear gur dúshlán é an scéim a chur i bhfeidhm ina hiomláine i bhfianaise an laghdaithe ar acmhainní ach tá Údarás Áitiúla Lú lándáiríre faoi acmhainní a shainaitheint chun bheith cinnte go ngéilleann siad dá n-oibleagáidí dlíthiúla faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

S.T.E.M.

Léirigh Comhairle Contae Lú ceannaireacht láidir shibhialta trí thionscadal STEM agus na tionscnaimh a glacadh chun a dtionchar ar an timpeallacht a laghdú. Chuidigh an Chomhairle chun an timpeallacht a dhéanamh níos inbhuanaithe san fhadtárma trí ghníomh a dhéanamh chun an timpeallacht a chosaint agus úsáid acmhainní a íoslaghdú. Shocraigh an Chomhairle cuspóirí agus spriocanna fadréimseacha ó thaobh nádúr na bhfeabhsuithe atá á lorg. Dhírigh formhór na gculpóirí ar thruailliú a chosc agus ar úsáid acmhainní ar nós fuinnimh agus ábhar a íoslaghdú.

Choimeád Comhairle Contae Lú a ISO 14001 sa bhliain 2010. Chuathas i mbun roinnt tionscadal faoin ISO seo:

- An brú ar amhábhair a laghdú ar fud Chomhairle Contae Lú, m.sh. an méid páipéir a úsáideadh a laghdú de 15% faoi dheireadh na bliana 2011 i gcomparáid leis an mbonnlíne measta de 2m leathanach sa bhliain 2009.
- An brú ar acmhainní nádúrtha neamh-in-athnuaite a laghdú faoi dheireadh na bliana 2011, is é sin, an méid ola teasa a ídítear a laghdú de 10% ar an mbonnlíne 6379L sa bhliain 2009.
- An úsáid a bhaintear as acmhainní nádúrtha neamh-in-athnuaite a bhainistiú.
- Laghdú a dhéanamh ar an méid carbóin iarbhír a ghineann Halla an Chontae.

Seirbhísí Corparáideacha

Foramharc ar Ídiú Fuinnimh sa Bhliain 2010

Is i bhfoirm leictreachais agus díosail bóthair a ídíonn Údarás Áitiúla Lú (Comhairle Contae Lú, Comhairle Baile Dhún Dealgan & Comhairle Buirge Dhroichead Átha) formhór an fhuinnimh. Déanann an fhoireann fuinnimh úsáid an fhuinnimh a bhainistiú go gníomhach. Tá ISO 41001 ag Comhairle Contae Lú, leis, agus laghdú bliantúil de 3% ar úsáid fuinnimh is ea ceann de phríomhchuspóirí an chaighdeáin sin. Ba é €3,406,278 an t-iomlán tríd is tríd a caitheadh ar fhuinneamh in Údarás Áitiúla Lú sa bhliain 2010. Laghdú suntasach ab ea é sin ar an €3,994,201 a caitheadh sa bhliain 2009. Léirigh an spáráil airgid na hiarrachtaí leanúnacha chun bheith níos tíosaí ar fhuinneamh agus, ina theannta sin, tairiscintí níos iomaíche a bheith ar fáil maidir le soláthar fuinnimh.

Leictreachas

Tá 1,309 cuntas leictreachais ag Údarás Áitiúla Lú, cuntais neamh-mhéadraithe is ea a bhformhór mar a fheicfear ón tábla thíos.

	Méadraithe	Neamh-mhéadraithe (m. sh. Solas Poiblí)
CCL	124	502
CBDD	37	301
CBDÁ	21	324
	€1.4 milliún	€1.2

De na cuntais mhéadraithe, is ar uisce agus oibreacha cóireála dramhuisce a chaitear breis is 80% den airgead, agus caitear tuairim is 14% ar na príomhfhoirgnimh shibhialta.

Lena chois sin, ó aimsir an phróisis tairisceana sa bhliain 2010, deimhnítear 75% den leictreachas a sholáthraíonn Energia, lena n-áirítear gach leictreachas a úsáidtear sna foirgnimh shibhialta, mar leictreachas a thagann ó fhoinsé in-athnuaite.

Díosal Bóthair

Ídíonn an flít de 110 feithicil tuairim is 400,000 lítear díosail sa bhliain.

D'ídigh ÚÁL *17,654 MWh fuinnimh sa bhliain 2010, comhdhéanta de:

- 13,414 MWh de leictreachas méadraithe
- 4,240 MWh de bhreoslaí iontaise

Bearta a Glacadh sa bhliain 2010

Ithug ÚÁL faoi raon tionscnamh sa bhliain 2010 chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Córas aeraithe éighníomhaí a fheistiú i Halla an Chontae, mar aon le BMS nua agus soilsiú ísealfhuinnimh, as ar spáráladh **94 MWh** sa bhliain iomlán.
- Tionscnaimh TF, lena n-áirítear an socrú aerchoireála agus ath-inslithe a mhéadú sa Seomra Cumarsáide, scáileáin TFT a cheannach in ionad na scáileán CRT agus clár faoina ndúntar síos ríomhairí pearsanta uathu féin má fhágtar ar siúl iad tar éis an lae oibre, rud a spáráil **121 MWh**.
- Prótacal na nglantóirí oíche a athrú, ionas go múchtar gach solas sna foirgnimh tar éis na hoibre agus go lastar seomra amháin ag an am lena ghlanadh, **20MWh**.
- Tá tuirbín gaoithe 2.5kv ag an bPóna Ainmhithe agus 2.5 kv de Phainéil PV a ghineann tuairim is 15% den fhuinneamh a úsáideann an foirgneamh, **2.8 MWh**.

I dteannta a cheile spárálann na bearta spárála fuinnimh seo agus bearta eile nach iad **238 MWh** sa bhliain ar Chomhairle Contae Lú.

Seirbhísí Corparáideacha

Gníomhartha Beartaithe don bhliain 2011

Tá ar intinn ag ÚÁL an fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh sa bhliain 2011 mar seo a leanas:

- Monatóireacht a dhéanamh ar an méid díosail a ídionn an flít chun 400 MWh a spáráil sa bhliain. Beidh tairiscint nua á roll amach i mí Lúnasa chun díosal a sholáthar do gach feithicil i bhflít ÚÁL, rud a ísleoidh costas an bhreosla agus a dhéanfaidh monatóireacht níos fearr ar ídiú le gur féidir méideanna eile a d'fhéadfaí a spáráil a shainioint.
- Treoirthionscadal fo-mhéadraithe a chur i bhfeidhm sa ghléasra cóireála chun an próiseas agus an chóireáil a dhéanamh níos éifeachtaí.
- Cuirfidh an fhoireann fuinnimh oiliúint ar an bpríomhphearsanra chun monatóireacht a dhéanamh ar na príomhfhoirgnimh shibhialta le cabhair na dtuarascálacha costais agus ídithe fuinnimh ar líne ó Energia. Sainiointeofar na treochtaí ginearálta ídithe agus imscrúdófar aon phátrúin neamhghnácha.
- Síniódh comhpháirtíocht idir ÚÁL agus SEAI go déanach sa bhliain 2010 agus gheall ÚÁL laghdú a dhéanamh ar ídiú fuinnimh.
- Suiteálfar BMS feabhsaithe i Halla an Bhaile, Dún Dealgan, a spárálfadh 100MWh sa bhliain.
- Faoi chlár intéirneachta FÁS/SEAI d'óstáil ÚÁL beirt intéirneach ar feadh tréimhse shé mhí. Sa tréimhse sin d'eagraigh siad slite chun ídiú fuinnimh a thuirisciú agus shainioint siad tionscadail a d'fhéadfadh fuinneamh a spáráil.
- Cuireadh tús le Tionscadal Réigiún na Teorann Thoir sa bhliain 2011. Faoin Tionscadal seo déanfar iniúchadh fuinnimh ar fhoirgneamh poiblí de chuid ÚÁL – an leabharlann agus an t-ollionad músaeim a roghnaíodh toisc go láthair i bpáirt acu – a fheisteofar le feabhsuithe spárála fuinnimh agus cuirfear na torthaí ar fáil don phobal i gcoitinne ó fhorhallaí na bhfoirgneamh sin.
- Coimeádfar an ISO 14001 laistigh de ranna de Chomhairle Contae Lú, agus mar chuid de sin coimeádfar agus fíorófar an EMP de laghdú 3% ar fuinneamh.



Tithíocht i bPobail

Seirbhísí Tithíochta Údaráis Áitiúla Lú



Measúnacht Riachtanas Tithíochta

Ag deireadh na bliana 2010, bhí 896 iarrthóir ar liosta tithíochta Chomhairle Contae Lú, 2041 iarrthóir ar liosta tithíochta Chomhairle Buirge Dhroichead Átha agus 1972 iarrthóir ar liosta tithíochta Chomhairle Baile Dhún Dealgan.

Soláthar Tithíochta

Tríd an bPlean Gníomhaíochta um Thithíocht Shóisialta agus Inacmhainne a bhainistítear soláthar tithíochta, faoi mar a aontaíodh leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil. I gcás Chomhairle Contae Lú i gcaitheamh na bliana 2010 tugadh forbairtí tithíochta chun críche ag Geata an Cheapógaigh, Baile Átha Fhirdhia agus ag Gort na Glaise, Na Creagacha Dubha.

Rinneadh athruithe ar an mbeartas tithíochta ar leibhéal náisiúnta tar éis thús an chúlaith eacnamaíochta sa bhliain 2008. Laghdaíodh an bhéim ar thithíocht shóisialta a sholáthar go díreach trí mhaoiniú a chur ar fáil d'fhoirgníocht nua. Is é beartas an Rialtais anois tithíocht shóisialta a sholáthar trí shocruithe léasa a dhéanamh le húnairí réadmhaoine agus le forbróirí a bhfuil stoc tithíochta neamhdhíolta acu.

Rialú na Gcaighdeán do Thithíocht ar Cíos

Ar aon dul leis an bhforbairt bheartais seo, tháinig rialú breise ar chaighdeán na réadmhaoine ar cíos i bhfeidhm i gcaitheamh na bliana 2009 nuair a tháinig na rialacháin seo a leanas i bhfeidhm:

- Na Rialacháin Tithíochta (Caighdeán do Thithe ar Cíos) 2008, ar an 1 Feabhra 2009, agus
- Na Rialacháin Tithíochta (Caighdeán do Thithe ar Cíos) (Leasú) 2009, ar an 1 Nollaig 2009.

Shocraigh na rialacháin íoschaighdeán riachtanacha i gcás Ríocht Struchtúrach réadmhaoine (Airteagal 5 de na rialacháin), Áiseanna Sláintíochta (Airteagal 6), Áiseanna Téimh (Airteagal 7), Ullmhú agus Stóráil Bia agus Éadaí (Airteagal 8), agus Aerú (Airteagal 9). Ní bhainfidh airteagail 6 go 8 ach le tionóntachtaí nua i dtús báire agus tiocfaidh siad i bhfeidhm i gcás tionóntachtaí atá ann cheana an 1 Feabhra 2013.

Tithíocht i bPobail

Tithíocht Shóisialta

Ag deireadh na bliana 2010 bhí 938 aonad tithíochta sóisialta ag Comhairle Contae Lú.

I gcaitheamh na bliana 2008 cheadaigh an tAire Comhshaoil an Scéim um Leithdháileadh Tithíocht Shóisialta arna glacadh ag an gComhairle sa bhliain 2005. Ceanglaíodh ar údaráis áitiúla faoin Acht Tithíochta 2009 Scéim Leithdháiltí nua a ghlacadh roimh an 13 Meitheamh, 2011.

Tithíocht Inacmhainne


Tá meath tagtha ar an éileamh ar thithíocht inacmhainne le tamall de bhlianta agus níor díoladh ach aon teach dá shórt, ag Clós na Manach, Cairlinn, sa bhliain 2010. Tiontaíodh sé cinn is fiche d'aonaid inacmhainne ina n-aonaid shóisialta i dtreo dheireadh na bliana 2009, agus léasaíodh 24 aonad inacmhainne eile don earráil tithíochta deonaí ar feadh tréimhse de suas le cúig bliana lena ligean le tionóntaí ó liosta feithimh na Comhairle.

Tithíocht Dheonach

Tá taifead sármhaith ag Údarás Áitiúla Lú maidir le dul i mbun oibre le comhlachtaí deonacha chun aonaid tithíochta deonaí a sholáthar. Lean sé sin ar aghaidh sa bhliain 2010, agus i gcás Chomhairle Contae Lú, tugadh an obair chun críche ar Uimhir 8, Gort na Carraige, Baile Átha Fhirdhia faoin Scéim Chúnamh Chaipitil.

Tithíocht Riachtanas Speisialta

Sa bhliain 2010, thug Comhairle Contae Lú roinnt tionscadal chun críche le cuid den stoc atá ann cheana a oiriúnú chun freastal do riachtanais tionóntaí. Ar áireamh ansin bhí oibreacha ag 73 Gort na Glaise, Na Creagacha Dubha ag Áth na bhFearnaí, 5 Cúirt Mhuire, Sráidbhaile Lú, 8 Páirc Oilibhéir, Cill Saráin, 36 Páirc na Leamhán, Na Creagacha Dubha, 6 Páirc an Athar Ó Finn, Sráidbhaile Lú, 93 Páirc Seán Kirk, Ceann Chlochair.



Éaspa Dídine

Chuir an tAire Comhshaoil i bhfios i mí na Nollag 2009 go dtiocfadh Comhairle Contae Lú chun bheith ina Údarás Tithíochta Freagrach maidir le cur chun feidhme an Plean Gníomhaíochta Réigiúnach um Easpa Dídine. Bunaíodh an Plean sin ar athbhreithniú neamhspleách ar sheirbhísí um easpa dídine sa chontae, athbhreithniú a rinneadh go luath sa bhliain 2010, agus a chur san áireamh beartas an Rialtais go ndéanfaí seirbhísí um easpa dídine a chomhordú ar bhonn réigiúnach. Ghlac an Chomhairle Contae an Plean Gníomhaíochta Réigiúnach um Easpa Dídine ag a chruinniú den 17 Bealtaine 2010.

Ar na heagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine gan dídean sa chontae, agus a ndéanann Comhairle Contae Lú a gcuid gníomhaíochtaí a chomhordú tá:

- Comhairle Contae Lú
- Comhairle Baile Dhún Dealgan
- Comhairle Buirge Dhroichead Átha
- Drogheda Women's and Children's Refuge Centre Ltd.
- Cumann Cúnaimh Dhroichead Átha do Dhaoine gan Dídean
- Clann Shíomóin Dhún Dealgan
- Women's Aid Dún Dealgan
- Cumann Naomh Uinseann de Pól
- Seirbhís Leasa Pobail FSS
- Seirbhís Easpa Dídine FSS
- An tSeirbhís Promhaidh agus Leasa
- Oifig Aosoideachais Choiste Ghairmoideachais Lú
- Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí an Oirthuaiscirt

Amhail ar an 31 Nollaig 2010, bhí 65 duine ann gan dídean, agus ag fáil cóiríocht éigeandála sa Chontae.

Tithíocht i bPobail

An Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS)

Tionscnamh is ea an Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS) a riarann údarás áitiúla chun tacú lena gcuid clár tithíochta sóisialta féin trína léasaítear cóiríocht ar ardchaighdeán atá faoi úinéireacht thar ceann tionóntaí cáilithe (daoine a bhfuil cearta buanchónaí acu sa Stát agus a bhfuil riachtanas tithíochta acu san fhadtéarma agus atá ag fáil an Fhorlionsa Cíos le 18 mí ar a laghad). Déanann an t-údarás áitiúil conradh leis an tiarna talún go ceann tréimhse ar leith ag cíos aontaithe.

- Ní mór don tiarna talún a bheith cáinchoimplíontach chun dul isteach sa scéim. Ní mór teastas imréitigh chánach a sholáthar i ngach cás.
- Ní mór don chóiríocht a bheith ar ardchaighdeán mar a chinnfidh an t-údarás áitiúil.
- Ní mór don tiarna talún an tionóntacht a chlárú leis an PRTB.
- Caithfidh teastas BER a bheith ann i gcás cóiríocht fholamh.
- Is é an t-údarás áitiúil a ainmníonn na tionóntaí.
- Conradh trípháirte a bhíonn i gceist, conradh a shíníonn an t-údarás áitiúil, an tiarna talún agus an tionónta. Is é an gaol ceannasach an gaol idir an tiarna talún agus an tionónta, agus tá sé sin faoi rialú ag an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004.
- Íocann an t-údarás áitiúil an cíos iomlán gach mí thar ceann an tionónta. Íocann an tionónta méid airgid gach seachtain leis an údarás áitiúil i leith an chíos. Ríomhtar an cíos de réir Scéim Cíosanna Dífreálacha Údarás Áitiúla Lú.

Faigheann 2,653 duine nó mar sin i Lú forlíonadh cíos a láthair na huair. Tá 1,279 díobh sin ag fáil an fhorlíonta le breis is 18 mí.

Ag deireadh 2010 bhí 199 réadmhaoin i Lú páirteach i scéim RAS.

Tionscnaimh Léasaithe Eile

Forlíontar an Scéim um Chóiríocht ar Cíos leis na scéimeanna seo a leanas:

- scéim léasaithe rialtais le haghaidh tithe inacmhainne neamhdhíolta (léasaítear tithe mar iad le cumainn dheonacha tithíochta go ceann tréimhse de suas le 5 bliana, agus cuirtear ar fáil iad ar cíos do theaghlaigh ó liosta feithimh údarás áitiúil ar an mbonn cíos céanna le tithe údarás áitiúil), agus
- tionscnamh léasaithe fadtéarmach (léas de idir 10 agus 20 bliain) trína léasófar réadmhaoin ón earnáil phríobháideach (ráthófar na cíosanna ar feadh na tréimhse léasaithe ar fad, ach faoi réir athbhreithniú ag brath ar choinníollacha margaidh) agus bainfear úsáid astu chun tithíocht a sholáthar do theaghlaigh ar liostaí feithimh údarás áitiúil. Leithdháilfear réadmhaoin de réir scéimeanna leithdháilte údarás áitiúil agus is iad údarás áitiúla a bheidh i mbun a mbainistiú, a n-árachú, agus a gcothabháil.

Cothabháil agus Feabhsú an Stoic Tithíochta

Fuarthas 1,006 iarratas sa bhliain 2010 ar chothabháil an stoic tithíochta atá anois ann i limistéar feidhme Chomhairle Contae Lú, agus bhí trí cheathrú díobh réitithe ag deireadh na bliana. Athchóiríodh breis is 32 teach i limistéar an Chontae tar éis do thionóntaí iad a thabhairt ar ais.

Cíosanna Tithíochta

Déanann an Scéim Cíosanna Tithíochta soláthar le haghaidh cíosanna bainteach le hioncam agus athbhreithnítear í gach bliain. Socraítear cíosanna difreálacha ag íosmhéid de €25 sa tseachtain.

Deontais Tithíochta

Thairg Comhairle Contae Lú deontais faoi Scéim Deontas na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar feadh roinnt míonna sa bhliain 2010. Seo a leanas na deontais sin.

	Uimh.	Luach Iomlán
HAGanna		
Deontais Oiriúnaithe Tithíochta	135	€1,905,828
HOPanna		
Áiseanna Teaghlaigh do Sheanáirí	76	€409,669
MAGs		
Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta	1	€2,750
Iomlán	212	€2,318,247

Tithíocht i bPobail

Dún Dealgan

Achoimre ar an Tuarascáil Bhliantúil um Bainistíocht Eastát 2010

Oiliúint do Thionóntaí

Cuireadh oiliúint réamhthionóntachta 'domhain' ar 122 tionónta nua sa bhliain 2010. Le cois na dtionóntaí nua a fuair an oiliúint sin, thug an tOifigeach Idirchaidrimh do Thionóntaí (OIT anseo feasta) isteach oiliúint tionónta do thionóntaí a bhí ann cheana nach bhfuair oiliúint tionónta roimhe seo agus do thionóntaí eile a measadh a d'fhéadfadh leas a bhaint as cúrsa athnuachana. Ar áireamh ansin bhí tionóntaí ó eastát Radharc Pháirc na Coille agus ó chuid de Pháirc Bhóthar Mhullaigh Chairlinn mar a raibh fadhbanna. Cuireadh fáilte roimh an dá sheisiún agus tá i gceist leanúint leis an gcineál seo oiliúna do thionóntaí ó eastáit eile ar fud na bliana 2011.

Forbairtí Nua

In Aibreán 2010, osclaíodh an t-eastát is déanaí i nDún Dealgan, 'Bóthar na Feirme'. Eastát dea-dheartha é ó thaobh leagan amach agus dearadh na dtithe. Tá meascán maith tionóntaí ann, lena n-áirítear tionóntaí de ghrúpaí eitneacha éagsúla a bhfuil pobal maith bunaithe acu.

Bunaíodh Cumann Cónaitheoirí i mí Iúil agus tá rath air ó shin. Bunaíodh Foghrúpa Comhshaoil, leis, agus na baill ag déanamh síorfheabhsúcháin ar chuma fhisiceach agus ar thimpeallacht an eastáit agus chuir an OIT uirlisí amhail lomaire féir agus ciumhaisirí ar fáil dóibh. Bunaíodh Criú i gcoinne Bruscair chomh maith ina bhfuil leanaí ar na heastáit rannpháirteach agus piocann siad suas bruscar ar fud an eastáit go rialta agus t-léinte orthu a chuir an OIT ar fáil dóibh.

Bainistíocht Eastáit: Feabhsúcháin Fhisiceacha agus Comhshaoil agus Tionscadail Forbartha Pobail

Maidir le feabhsúcháin leanúnacha fisiceacha agus timpeallachta agus tionscadail pobail, rinneadh obair mhór ar nithe a dtugtar samplaí díobh thíos:

- **Páirc an Bhartúnaigh**

Chinn an cumann cónaitheoirí nuathofa plean oibre don eastát agus shainithin siad na háiteanna ar ghá díriú orthu ar dtús. Bhí an ceantar ag tosach an eastáit chomh mór sin faoi bhláth gur bhuaigh sé 'Duais an Mholtóra' sa Chomórtas 'Cuir Feabhas ar an mBaile Seo' sa bhliain 2010, bunaithe ar na feabhsúcháin a rinneadh sa chuid seo.

- **Páirc Clan Chullainn**

Sholáthair an tOifigeach Idirchaidrimh Tionónta cosantóirí crann d'iarann teilgte don chumann cónaitheoirí a bhí an-sásta glacadh leo agus a chuir suas iad timpeall na gcrann ar an bhfaiche láir ionas nach ndéanfaidh leanaí a imríonn peil ar an bhfaiche dochar do na crainn.

- **Páirc Chuaille**

Bronnadh an 'Duais um Fheasacht ar Bhruscar' ar an 'Criú in aghaidh Bruscair' a bhfuil leanaí ón eastát páirteach ann toisc é a bheith ina 'inspioráid agus ina dhea-shampla do phobail eile' i gcomórtas 'Cuir Feabhas ar an mBaile Seo' na bliana 2010.

- **Cúirt Uí Leannáin - Uí Mháille**

Tá na tionóntaí ag feidhmiú mar 'airíoch' an chlóis súgartha san eastát agus is iad atá freagrach as oscailt agus dúnadh an chlóis sin.

- **Lios Dubh**

Bunaíodh club óige agus fuarthas deontas de €1,000 ón gCiste Áiseanna agus Seirbhísí do Dhaoine Óga i leith trealaimh. Tá iarratas déanta ag an OIT ar chistiú eile agus fuarthas €2,500 chun cuailí báire a cheannach.

Tithíocht i bPobail

- **Páirc Mhullaigh Chairlín**

Rinne criú scannán teagmháil leis an Rannóg Ealaíon a rinne teagmháil dá éis leis an Oifigeach Teagmhála do Thionóntaí. Bhí an criú scannán ag déanamh clár faisnéise mar gheall ar ealaín phoiblí in Éirinn, arna choimisiúnú ag RTÉ. Ba é Joe Duffy óstach an chlár faisnéise agus chas sé ar bhaill den phobal chun a dtuairimí a fháil ar an mír ealaíne dar teideal 'Sofa' i bPáirc Mhullaigh Chairlín. Beidh an clár faisnéise ar theilifís in earrach na bliana 2011 mar chuid de shnáithe Arts Lives ar RTÉ a hAon.

- **An Seandroichead**

Leanadh den chomhairliúchán maidir le tograí do gharraithe scóir a bheidh suite laistiar den pháirc peile agus bhí cruinniú ag an OTT le ball d'fhoireann DKIT atá bainteach le garraithe scóir agus tá súil go rachaidh an tionscadal seo ar aghaidh sa bhliain 2011, ar scála níos lú i dtús báire, más leor an cistiú agus spéis an phobail.

- **Páirc Radharc na Coille**

Bhuaigh an t-eastát an dara duais sa chomórtas 'Cuir Feabhas ar an mBaile Seo Againne 2010' sa chatagóir 'An tSráid is Fearr'. Ba í seo an dara bliain sa a chéile don eastát duais a bhuanach sa chomórtas agus is mór an t-aitheantas é do chónaitheoirí an eastáit agus don Chomhairle a d'oibrigh as lámha a chéile chun eastát a ndearnadh faillí ann go dtí seo a athbheochan. Bhí an t-eastát faoi bhláth ar feadh an tsamhraidh le ciseáin áille ar crochadh ó na cuailí solais agus taobh amuigh de thithe.

Cigireachtaí ar Thithe agus ar Ghairdíní

Rinneadh cigireachtaí ar thithe agus ar ghairdíní ó thús deireadh na bliana 2010. An cuspóir le cigireachtaí ar thithe ná a fháil amach an bhfuil cothabháil á déanamh ar chaighdeán sásúil agus an ndearnadh aon athrú neamhúdraithe ar an réadmhaoin.

Cumainn Chónaitheoirí

Bunaíodh dhá cheann de chumainn chónaitheoirí nua sa bhliain 2010, ceann amháin i gCúirt Uí Leannáin - Uí Mháille agus an ceann eile in eastát Bhaile na Feirme. Tá an dá ghrúpa gníomhach fós agus líon mór tionóntaí rannpháirteach iontu. Is fearr an chuma fhisiceach atá ar an dá eastát dá mbarr.

Tá cumainn chónaitheoirí/grúpaí pobail i bhfeidhm i bhformhór na n-eastát agus teagmháil rialta ag na grúpaí sin leis an OTT. Tá fadhbanna sainaitheanta ag na grúpaí agus ag an OTT in éineacht sna heastáit agus tá réiteach faighte orthu a dhéanann áiteanna níos deise cónaí as na heastáit. Cuireadh tús le miontionscadail athbheochana in eastáit áirithe.

Lena chois sin, déantar líonrú agus cothaítear naisc agus caidreamh le gníomhaireachtaí eile agus leis an nGarda. D'fhreastail Rannán Pobail an Gharda ar roinnt cruinnithe le cumainn chónaitheoirí dhifriúla. Fuarthas freagra dearfach, amach is amach, ó phobail i dtaca le gaol a chothú leis an nGarda, go háirithe i dtaca le hiompar frithshóisialta. Bíonn comhaltaí den Gharda le feiceáil sna heastáit ar fad anois toisc gur sannadh comhaltaí aonair den Gharda d'eastáit ar leith fad a bhíonn siad amuigh ar patról coise nó i gcarr scuaid ag tabhairt cuairte ar eastáit le linn a seal oibre.

Bíonn cruinniú gach ceathrú i Stáisiún an Gharda leis an gCeanntfort agus an Garda Pobail mar a bpleann ionadaithe ó na cumainn chónaitheoirí áitiúla ábhair a bhaineann leis an gceantar.

Tionscnaimh Chomhshaoil

Le bliain anuas tá an OTT ag obair in eastáit ar roinnt comhthionscnamh comhshaoil le cabhair ó fhoireann na Comhairle agus níos tábhachtaí ná sin, le baill na bpobal sin.

I measc na dtionscadal bhí na heastáit a ullmhú le bheith rannpháirteach in:

- Glantachán Náisiúnta Bliantúil an Earraigh
- Glantachán rialta ar a n-eastáit féin a dhéanann cónaitheoirí agus criúnna frithbhurscair
- An Comórtas Cuir Feabhas ar an mBaile Seo Againne

Tithíocht i bPobail

Criúnna Frithbhruscair

Le bliain anuas tá Criúnna Frithbhruscair bunaithe ag an OTT in eastáit Mhullaigh Chairlinn agus Bhóthar na Feirme, agus bhí Criúnna Frithbhruscair gníomhach ar roinnt eastát eile cheana féin. Is iad na daoine atá sna Criúnna Frithbhruscair leanaí sna heastáit éagsúla a théann isteach sa chriú frithbhruscair ina gceantar féin agus a fhaigheann t-léine glas ón OTT ar a bhfuil lógó a deir 'don't be a litterbug' ar an tosach agus 'Anti-Litter Crew' ar an gcúl.

Piocann na leanaí bruscar suas go rialta agus déanann siad glantachán ginearálta faoi mhaoirseacht daoine fásta agus faigheann siad luach saothair ón gcumann cónaitheoirí agus ón OTT i gcaitheamh na bliana as an obair dhian a dhéanann siad.

Araidí Rothaí agus Trealamh/Uirlisí Garraíodóireachta Pobail

Chuir an OTT araidí rothaí pobail ar fáil i bhformhór na n-eastát chun na tionóntaí a mhisniú chun bruscar a bhailiú agus slacht a choimeád ar a n-eastát féin. Oibríonn an córas sin go maith agus baineann na criúnna frithbhruscair úsáid as an araidí rothaí. Ag an bPobal amháin atá cead na haraidí sin a úsáid agus ní ceadmhach do dhaoine aonair bruscar a chur iontu.

Tá trealamh ar nós lomairí féir, ciumhaisirí, barraí rotha, spaid agus scuaba curtha ar fáil ag an OTT do choistí cónaitheoirí chun gur féidir leo a gcuid eastát féin a chothabháil.

Tá lomairí féir 'marcach' dá gcuid féin ag dhá cheann de na heastáit, Páirc Clan Chullainn agus An Seandroichead, agus lomann baill de na foghrúpaí comhshaoil na faichí sna heastáit sin.

Tionscnaimh Chomhshaoil

Cuirtear fáilte roimh nuachtlitreacha pobail laistigh de na heastáit. Déanann an OTT a dhícheall na cumainn chónaitheoirí ar fad a spreagadh chun nuachtlitir phobail a fhoilsiú agus a scaipeadh ar bhonn ráithiúil. Sa nuachtlitir de ghnáth bíonn faisnéis phobail, a choimeádann na cónaitheoirí ar an eolas mar gheall ar thionscadail agus imeachtaí a bheidh ar siúl ina gceantar féin.

Is féidir le cuid de na cumainn chónaitheoirí nuachtlitir a chur i dtoll a chéile gan aon chabhair ón OTT ach bíonn cúnamh de dhíth ar ghrúpaí eile chun an nuachtlitir a chur i gcló nuair a bhíonn an fhaisnéis tiomsaithe acu.

Seiceálann an OTT a bhfuil sna nuachtlitreacha sula scaiptear iad le cinntiú nach mbíonn aon fhaisnéis faoi rún nó faisnéis mhíchuí iontu.

Tionscnaimh Spóirt: Clár Cóitseála Sacair Kick Start

Chabhraigh an OTT le cónaitheoirí éagsúla ó eastáit éagsúla bheith rannpháirteach sa chlár 'Kick Start' a chomhordaíonn Mick Neville ó FAI. Cúrsa tosaigh is ea an 'Cúrsa Kick Start 1' agus leantar é leis an gCúrsa Kick Start 2 agus críochnaíonn sé leis an gcreidiúnú 'Cóitseálaí Óige'.

Dearadh Clár Kick Start chun cuidiú le tuismitheoirí agus le ceannairí óige taithí ar chluichí spráíúla sacair agus bunscileanna gluaiseachta a thabhairt do leanaí idir 6 agus 9 mbliana (Kick Start 1) agus idir 9 agus 12 bhliain (Kick Start 2) i dtimpeallacht dea-eagraithe, spreagúil agus shábháilte. Maoinítear an oiliúint seo ionas gur féidir leis na daoine a oiltéar oiliúint a chur ar leanaí ina bPobal féin ina dhiaidh sin.

Craobhchomórtas Shráid Futsal' Dhún Dealgan'

Cuireadh tús le Craobhchomórtas Shráid FUTSAL an 14 Aibreán 2010 agus mhair sé sé seachtaine go dtí an 19 Bealtaine. Níor chraobhchomórtas iomaíoch é agus níor bronnadh aon duais ar an bhfoireann a bhuaigh. Bhí an uile rannpháirtí páirteach sa chluiche ceannais i bPáirc Oirialla an 26 Bealtaine.

Fuarthas cistiú don chomórtas seo ó Oifig an Aire Leanaí agus ba iad FAI, Dundalk FC, Oibrí Óige Choiste Gairmoideachais Lú, Rannán Garda Pobail Dhún Dealgan, OTT Chomhairle Baile Dhún Dealgan agus Comhordaitheoir RAPID Dhún Dealgan a chomhordaigh an comórtas.

D'éirigh go rí-mhaith leis an gcomórtas agus ghlac breis is 1,300 leanbh páirt ann in imeacht na seacht seachtaine, lena n-áirítear leanaí ó ghrúpa eitneacha difriúla. Ba as eastáit tithíochta sóisialta Dhún Dealgan formhór na rannpháirtithe agus d'fhreastail leanaí ó chlubanna óige an cheantair ar an gcomórtas, leis.

I seachtainí 5 agus 6 den chraobhchomórtas bhí na foirne faoi 12 agus faoi 16 ón Monaidh Mór ar eastát RAPID é i nDroichead Átha páirteach ann chomh maith toisc nach raibh aon 'Craobhchomórtas FUTSAL' i nDroichead Átha.

Tithíocht i bPobail

Bhí líon mór tuismitheoirí i láthair ag an gcrabhadh agus ar an iomlán d'iompair na leanaí iad féin go maith agus bhain siad an-sult as. D'fhreastail baill foirne ó Dundalk FC ar cheann de na seisiúin chun bualadh leis na leanaí. Rinne an FAI scannán tionscnaimh chomh maith bunaithe ar an líon mór leanaí ó chúirí eitneacha éagsúla a bhfuil cónaí orthu i nDún Dealgan a bhí rannpháirteach sa chraobhchomórtas agus bainfear úsáid as an bhfíseán ar fud na tíre mar chuid den 'Chlár Peile Idirchultúrtha' chun teachtaireacht dhearfach a chraobhscaoileadh mar gheall ar imeascadh tríd an spórt.

Ar an oíche dheiridh ag Páirc Oiriaila fuair gach rannpháirtí mála droma UMBRO saor in aisce agus lánéide peile i gcásanna áirithe.

Campa Samhraidh FAI 2010

Fuarthas maoiniú chun go bhféadfadh leanaí ó Dhún Dealgan bheith rannpháirteach i gCampa Samhraidh Scoile an FAI'. Dhá champa a bhí ann, ceann amháin i bPáirc Oiriaila idir 5-12 Iúil agus an dara ceann ag an JJB Soccer Dome idir 19-23 Iúil.

Cuireadh 60 áit ar fáil agus roinneadh iad ar 30 leanbh ó cheantair RAPID agus 30 leanbh ó eastáit eile údaráis áitiúla de chuid Chomhairle Baile Dhún Dealgan.

Roghnaigh an OTT agus Comhordaitheoir RAPID leanaí le bheith rannpháirteach ann, tar éis leanaí a roghnú roimhe sin le bheith rannpháirteach i 'Craobhchomórtas Sráide FUTSAL'. Fuair gach rannpháirtí lánéide FAI UMBRO, liathróid UMBRO agus mála droma UMBRO, gach feisteas díobh a bhain le Scoileanna Sacair Samhraidh FAI an Post' agus leo siúd amháin.

Tionscnaimh Chomhshaoil

Rinne gach ceann de na cumainn chónaitheoirí iarratas ar Dheontas Taitneamhachta sa bhliain 2010 agus bronnadh maoiniú ar gach ceann díobh. Caitheadh an maoiniú ar iarrachtaí chun gach eastát a fheabhsú agus ba mhór an spiorad iomaíochta a bhí ann sa tréimhse díreach roimh an Comórtas 'Cuir Feabhas ar an mBaile Seo Againne'.

Bhuaigh Páirc an Bhartúnaigh 'Duais an Mholtóra' don 'Eastát is Mó Feabhas'. Fuair Páirc Radharc na Coille an dara duais sa chatagóir 'An tSráid is Fearr' agus bhuaigh 'Criú Frithbhruscair Pháirc Chuaille' an 'Duais Feasacht ar Bhruscar' agus ba mhór an t-éacht é sin dóibh ar fad.

Measadh gur cheart aitheantas a thabhairt don obair dhian a bhí déanta ag na heastáit ar fad cé nár bhuaigh siad ar fad duais san iomaíocht ghéar. Bhí cuma iontach ar na heastáit ar fad ar feadh an tsamhraidh suas go dtí thréimhse an chomórtais.

Chun an obair dhian sin a rinne muintir an cheantair a aithint, cheap an OTT duais ar leith do dhaoine a dhéanann obair chomhshaoil go rialta ar a n-eastáit féin.

Thug an OTT an chatagóir seo isteach sa chomórtas den chéad uair sa bhliain 2010 agus ainmníodh cónaitheoirí as Páirc an Bhartúnaigh, Páirc Clan Chullainn, Páirc Chuaille, Lios Dubh, Seandroichead agus Páirc Radharc na Coille.

Tá tábhacht mhór leis an obair a dhéanann na daoine sin agus gan an méid ama a chaitheann siad air dá ndeoin féin ní dhéanfaí an obair sin ar chor ar bith. Bronnadh plaic ar gach duine acu chun an obair sin a aithint.

Tithíocht i bPobail

Clár Rapid Dhún Dealgan

Láirionad gníomhaíochta ab ea Clár RAPID Dhún Dealgan le bliain anuas, ag díriú ar chomhtháthú seirbhísí, ar chinnireacht agus ar infheistíocht nua. Trí obair Fhoireann Fheidhmithe RAPID Dhún Dealgan baineadh amach roinnt gníomhartha sa dá cheantar RAPID i nDún Dealgan, i nDiméin Cox agus i Muirtheimhne Mór. Is iad na fóraim eile atá i mbun beart um chuimsiú sóisialta sna ceantair RAPID ná Grúpa Comhairleach Dhún Dealgan um Dhruaí agus an Grúpa Forbartha do chiste Shaoráidí agus Seirbhísí Daoine Óga, arna éascú ag Comhordaitheoir RAPID.

Ar na príomhbhearta sa bhliain 2010 bhí:

Tionscadal Blianta Dochreidte Dhún Dealgan - Tá grúpa stiúrtha ag obair ar an tionscnamh seo ó aimsir an tSeimineáir um Míbhuntáiste Oideachais i mí na Nollag 2008 in DKIT. D'aontaigh ocht scoil san iomlán bheith páirteach sa tionscadal sin, agus tá na ceithre scoil i gceantair RAPID an-ghníomhach ann.

Bhí rath ar Champaí Cásca agus Samhraidh RAPID i gcomhar le FAI; Eagraíodh campa Samhraidh RAPID Soccer Sister FAI in JJB le linn shaoire na Cásca agus d'fhreastail 30 cailín idir 7 agus 11 bhliain d'aois air.

- Na craobhchomórtais sráide FUTSAL ag an FAI, maoiníodh iad faoin YPFSF in Aibreán agus mhair siad breis is 6 seachtaine; bhí ceantair RAPID agus eastáit eile de chuid Chomhairle Baile Dhún Dealgan agus eastáit phríobháideacha eile i nDún Dealgan páirteach iontu. Bhí 35 foireann san iomlán páirteach ann agus chláraigh 166 leanbh chun freastal ar an gcampa. Rinne an FAI fístéip de chraobhchomórtas sráide Dhún Dealgan le go bhféadfaí é a thaispeáint ar fud na tíre, chun FUTSAL agus craobhchomórtais sráide a chur chun cinn.
- Bunaíodh sé cinn d'fhoghrúpaí téamacha RAPID idir 2008/09 agus bhí siad ag teacht le chéile fós sa bhliain 2010. Tá príomhghníomhaireacht a bhaineann leis an téama sin i gceannas ar gach grúpa agus é comhdhéanta d'ionadaithe Pobail agus Gníomhaireachta. Beidh na pleananna gníomhaíochta ó gach ceann de na foghrúpaí téamacha mar phlean oibre chlár RAPID sa chúpla bliain atá romhainn amach.

- Tá Tionscnaimh Áitiúla Oiliúna a dhíríonn ar dhaoine óga dífhostaithe i bhfeidhm i nDiméin Cox agus i Muirtheimhne Mór i láthair na huaire. Bhí FÁS, an Coiste Gairmoideachais, LES, Comhpháirtíocht Leader Lú, Comhairle Baile Dhún Dealgan, CDPanna áitiúla agus an pobal áitiúil bainteach leis an tionscnamh ilghníomhaireachta sin.
- Coiste Bainistíochta Eastáit RAPID Bunaíodh coiste bainistíochta eastáit i gcomhar le hoifigigh shinsearacha i gComhairle Baile Dhún Dealgan, tionscadail forbartha pobail agus ionadaithe pobail i gceantair RAPID. Bíonn cruinnithe ag an ngrúpa seo fós chun beartas rannpháirtíochta tionóntaí Údaráis Áitiúla Lú a chur i ngníomh agus chun caidreamh dearfach a chur chun cinn idir na húdaráis áitiúla agus na pobail.

Cuireadh tús le Tionscnamh nua um BulcDRAMhaíl faoin gciste um Thinte Cnámha a Sheachaint sa bhliain 2010 sa dá cheantar RAPID. D'éirigh go rímhaith leis agus socraíodh ar é a roll amach gach ráithe.

Tithíocht i bPobail

Clár Rapid Dhroichead Átha 2010

Ba iad príomhchuspóirí chlár RAPID Dhroichead Átha sa bhliain 2010 na feabhsuithe a rinneadh le tamall de bhlianta a choimeád trí úsáid a bhaint as an struchtúr idirghníomhaireachta atá ag an bhFoireann Fheidhmiúcháin Ceantair chun a chinntiú go bhfaightear na torthaí is fearr is féidir do chónaitheoirí agus do thionóntaí ó na seirbhísí i gceantair RAPID.

Príomhthéamaí agus na gníomhaíochtaí a ghabhann leo

Sábháilteacht Pobail agus Iompar Frithshóisialta /An Timpeallacht Fhisiceach

- Caitheadh na hacmhainní teoranta a bhí ar fáil ar thionscadail a d'fhéach le hiompar frithshóisialta a laghdú. Athchóiríodh Teach Tionscadal CABLE an Gharda ag 158 An Mhónaidh Mhór le cistiú RAPID (€16,800). Lena chois sin, tacaíodh le tionscadail éagsúla lena n-áirítear Clár Piaroideachais Drugaí, dhá cheann de Chláir um Fheasacht agus um Oideachas Drugaí, clár frithghraifítí, tionscnaimh sláinte agus corpacmhainne agus tionscnamh um Shaoránacht Fuinnimh Inbhuanaithe as a foilsíodh leideanna do theaghlach ar conas an timpeallacht a chaomhnú agus airgead a spáráil ar chostais fuinnimh. Gníomhaigh na hógánaigh a bhí bainteach leis chun a n-eastáit féin a fheabhsú agus bhain siad aitheantas náisiúnta dá n-iarrachtaí.
- Tacaíodh le daoine atá ag baint leasa as na seirbhísí atá á gcur ar fáil ag Foireann Pobail Drugaí agus Alcóil Lú, foireann nuabhunaithe atá suite i nDroichead Átha, chun ceardlann ghrianghrafadóireachta a dhéanamh agus a gcuid oibre a chur ar taispeáint sa bhliain 2010.
- Bhí 144 duine óg páirteach i gcrabhbhómórtas peile sráide Dhroichead Átha mar chuid den straitéis chun iompar frithshóisialta a laghdú i dtréimhse Oíche Shamhna. Rannpháirtithe ó eastáit RAPID a bhí i gceist ó na heagraíochtaí óige atá ann cheana, ó thithe pobail agus ó ghrúpaí cónaitheoirí. (Buiséad Tacaíochta RAPID Com/CBDÁ).
- Ba é straitéis Oíche Shamhna Dhroichead Átha 'Cuir i Scip é! Ná Dóigh É!' agus thacaigh daoine óga agus cónaitheoirí na gceantar RAPID leis. Moladh é ag dámhachtainí Náisiúnta Feabhais Rialtais Áitiúil sa bhliain 2010. Mhaoinigh athchúrsáil V&W sciopeanna do dhramhaíl inlasta agus chuidigh Tionscnamh Timpeallachta Pobail RAPID, Comhairle Buirge Dhroichead Átha (comhordú) agus cónaitheoirí chun dramhaíl a sheachadadh agus a bhailiú. Sheachaid líonraí RAPID na céadta fógrán. Sa bhliain 2010 chuir an Chomhairle deireadh leis an nós tine chnámh a bheith ar Shráid Phádraig, rud a chiallaigh go bhféadfadh cónaitheoirí aosta sult a bhaint as an séasúr gan imní roimh imeagla nó dóiteán a bheith orthu.
- Chríochnaigh Tionscadal Garda na Bóinne an oiliúint i ngarraíodóireacht orgánach a bhí ar siúl acu agus chuir siad fálú gairdín agus teorann ar ais ag cúl 280 Páirc Fhinnéin, an teach Tionscadail.
- Suiteáladh mullaird ag an Mhónaidh Mhór chun spraoithiomáint a laghdú (Scéim Feabhsaithe Comhshaoil).
- Bhí cónaitheoirí an Mhónaidh Mhóir réamhghníomhach i gcónaí mar gheall ar shlacht a choimeád ar an gceantar d'ainneoin na loitiméireachta a dhéantar go rialta ar an gclós súgartha. Tá méadú tagtha ar líon na bhfoirm ghearáin oifigiúla a úsáidtear chun iompar frithshóisialta a thuairisciú.
- Chun dul i ngleic leis an méid bruscair a chaitear sa lána cúil idir Ráth Maoláin agus Lána Uí Mhearthaile tá grúpaí pobail ag glanadh na háite sin le cabhair AURA agus na Páirce Fóillíochta agus tá fadhbanna á dtuairisciú don Chomhairle. Tacaíodh leis an ngníomhaíocht phobail sin trí laghdú a dhéanamh ar líon na gcarr agus na rothar a úsáideann na lánaí coisithe sin. Suiteáladh mullaird, deisíodh fála briste agus thacaigh an Rannóg Comhshaoil le glantacháin leanúnacha. Cuireadh fál in airde chun an spás glas cathrach a dheighilt ón spás príobháideach chun an fhreagracht as an spás glas a choimeád saor ó bhruscar a leathnú.

Tithíocht i bPobail

- Chomhordaigh Clár RAPID Dhroichead Átha tionscadail le linn Sheachtain Náisiúnta an Rothair lena n-áirítear Seiceálacha Sláinte Rothar, Comórtas Ealaíne Scoile agus dhá thuras rothair timpeall na n-eastát. Ghlac breis is 500 leanbh páirt sna himeachtaí. Thacaigh grúpaí óige agus an Garda Síochána leis na himeachtaí ar fad agus sholáthair Comhairle Buirge Dhroichead Átha an tacaíocht theicniúil.
- Tugadh isteach Peil Ghaelach do Chailíní (Gaelic 4Girls) i scoileanna Dhroichead Átha chun go mbeadh níos mó ná foireann amháin do chailíní i nDroichead Átha. Baineadh é sin amach tríd an gComhpháirtíocht Spóirt, trí RAPID agus trí CLG San Nioclás. (Le maoiniú ó RAPID/CBDÁ) .fuair Droichead Átha moladh as an líon mór daoine nach Éireannaigh iad atá ag gabháil don spórt náisiúnta.
- D'fhorhuinigh an Chomhairle Lónra Andúil Drugaí Dhroichead Átha go hoifigiúil i Meitheamh na bliana 2010. Tiomsaíodh eolaire do theaghlach agus do dhaoine atá buailte le handúil agus aontaíodh straitéis. Díritear ar thacaíocht do theaghlach cé go bhfuil iarrachtaí ar siúl chun cúram as tacaíochtaí den chineál is airde a leagan ar FSS, an ghníomhaireacht reachtúil atá freagrach as saoráidí díthocsainithe agus iarchúram.
- Tá ag éirí go maith leis an gcóras athchúrsála Muc Mór a úsáidtear chun dramhbhia a athchúrsáil go múirín i mBunscoil Naomh Pól agus úsáidtear an dramhaíl i ngairdíní na scoile agus ar fud na n-eastát.
- Cuireadh tús le hullmhúcháin sa bhliain 2010 don Chlár Athneartaithe Teaghlach. Mhaoinigh Comhpháirtíocht Leader Lú agus RAPID clár a chuirfear ar fáil i nDroichead Átha sa bhliain 2011. Clár bunaithe ar scileanna é seo do thuismitheoirí agus do dhaoine óga a oibríonn i dteannta a chéile chun iompar agus cumarsáid a fheabhsú laistigh agus lasmuigh den teaghlach. Tarchuireann FSS, an tSeirbhís Promhaidh, CBDÁ agus an Garda Síochána teaghlach go dtí an clár.
- Tá tacaíochtaí tábhachtacha á gcur ar fáil ag an Aonad um Chothú na Sláinte do cheantair RAPID trí chlár ónár dtithe pobail. Scor ón tobac, tionscnaimh um shábháilteacht dóiteáin agus ar bhóithre, clár um chroí sláintiúil agus réamhphleanáil don chlár náisiúnta um scagthástáil ceirbheacs a sheolfar sa bhliain 2011.
- Ritheadh an chéad Tionscadal na mBlianta Dochreidte ar bhonn treoirscéime sa bhliain 2007 agus cuid lárnach is ea é den chur chuige idirghabhála i leith gnéithe d'iompar leanaí agus chun tacú le scoileanna agus le thuismitheoirí. Is iad scoileanna i gceantair RAPID an príomhspríoc cé nach ó eastáit RAPID a thagann na leanaí ar fad.
- Bhain Ionad Cúram Leanaí na Mónadh Móire agus Ionad Luathbhlianta an Gharráin leas as tionscnamh réamhscoile ECCE na luathbhlianta sa bhliain 2010. Tá ag éirí go rímhaithe leis an scéim seo toisc go n-éascaíonn sé an t-aistriú ón mbaile go dtí an scoil i gcás leanaí óga. Tá níos mó áiteanna á gcur ar fáil an t-am ar fad sa dá ionad cé go bhfuil laghdú tagtha ar an éileamh ar chúram leanaí toisc an dífhostaíocht atá i réim agus toisc an iomaíocht d'áiteanna oideachais agus oiliúna.

Tacaíocht Teaghlach/Sláinte

- Chuir RAPID, an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta cistiú ar fáil d'ionad Luathoideachais an Gharráin agus le tacaíocht theicniúil ó Chomhairle Buirge Dhroichead Átha bhain sé áit ar ghearrliosta do dhámhachtain idirnáisiúnta. Tionscadal sa Téalainn a bhain an chéad duais ar deireadh. Cruthúnas is ea an rátáil dhomhanda atá ag an Ionad ar an gcur chuige leanbhlárnach i leith dearadh san fhoirgneamh iontach i nGarrán Bál.
- Oibríonn Lifestart, tionscadal a fhaigheann tacaíocht ó FSS agus ar méadaíodh a chistiú sa bhliain 2005 mar chuid de rannchuidiú FSS le RAPID, le 80 teaghlach ar fud Dhroichead Átha.
- Tá áitreabh a athchóiríodh i Sráid na Méarachta le cabhair ó chiste gearáilte FSS RAPID in úsáid i láthair na huair chun clár YAP a sholáthar ann do na hógánaigh i mó atá i mbaol. Sa chlár seo cuirtear tacaíocht mheantóireachta duine le duine ar fáil chomh maith le bealach isteach i seirbhísí criticiúla eile.

Tithíocht i bPobail

- Cuireann CONNECT FRC tacaíocht ar fáil i gcónaí do phobail sa Mhónaidh Mhór agus sa cheantar máguaird. D'athchóirigh CBDÁ 171 An Mhónaidh Mhór sa bhliain 2010 agus rinne saoráid pobail de theach cónaithe. Tharla dóiteán tragóideach sa teach sa bhliain 2009 agus mheas an Chomhairle gurb é seo an úsáid ba chúil a d'fhéadfaí a bhaint as.
- Rinne CONNECT FRC suirbhé pobail i mbaile fearainn na Mónadh Móire sa bhliain 2010 chun sonraí bonnlíne a fháil chun seirbhísí a phleanáil do thodhchaí an cheantair (Buiséad Tacaíochta RAPID COM).
- Cuireann Seirbhísí Comhairleoireachta Teaghlaigh i Ráth Maoláin seirbhís ar fáil don cheantar le cistiú ón nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh. Fuair CONNECT FRC cistiú chun seirbhís chomhairleoireachta a chur ar fáil do cheantair na Mónadh Móire.

Fóram na Soláthraithe Seirbhíse Oilíúna agus Fostaíochta

- Fóram é seo a thionscain RAPID Dhroichead Átha sa bhliain 2010 agus soláthraíonn sé deis do na gníomhaireachtaí agus do na heagraíochtaí pobail agus deonacha ar fad a bhainistíonn scéimeanna oideachais agus oilíúna a dhíríonn ar ógánaigh teacht le chéile faoi dhó sa bhliain chun faisnéis a mhalartú agus athbhreithniú a dhéanamh ar na cineálacha cur chuige atá in úsáid i leith seachadadh seirbhísí. Cuirtear tuarascálacha ar fáil ach iad a iarraidh. Príomhghníomhaireacht is ea CBDÁ ó thaobh Tionscnamh Oilíúna Dhroichead Átha a sheachadadh agus oibríonn sé i gcomhar le hIonad Acmhainne Dhroichead Átha.

Oideachas

- Tugadh áis leabharlainne chun críche sa bhliain 2010 i mBunscoil Naomh Pól. Ceannaíodh agus suiteáladh trealamh do cheaintín Phobalscoil Naomh Oilibhéar. Níl leabharlann ná áis chuimsitheach ceaintín ag Pobalscoil Naomh Oilibhéar.
- Cuireann Coiste Gairmoideachais cláir litearthachta teaghlaigh ar fáil i gcónaí do scoileanna RAPID agus tá rath i gcónaí ar an gClub Iarscoile a chuirtear ar fáil faoi choimirce DYD ag an Mhónaidh Mhór.

An Óige

- Lean an obair ar aghaidh sa bhliain 2010 ar líonra Dhaoine Óga Dhroichead Átha.
- Fuarthas cistiú ón OMC agus ó UAC agus ón IFI don Chaifé Óige atá beartaithe do Dhroichead Átha. Rinneadh forbairt ar na líníochtaí coincheapa ar mhaithe le hiad a chur ar aghaidh chun cead pleanála a lorg agus tar éis dul i gcomhairle le Rannóg Chorpáraideach FSS fuarthas lánchead pleanála ó CBDÁ.

Forbairt Pobail

Grúpa Bainistíochta Eastát na Mónadh Móire

- Grúpa Bainistíochta Eastát na Mónadh Móire. Bhí cruinnithe ag an ngrúpa i gcaitheamh na bliana 2010. B'éigean don ghrúpa aghaidh a thabhairt ar dhúshláin éagsúla agus níorbh é an loitiméireacht leanúnach ar an gclós súgartha an ceann ba lú díobh sin. Chleacht Comhairle Buirge Dhroichead Átha foighne toisc an tacaíocht leanúnach a fhaightear ó na cónaitheoirí sin ar ábhar mórtais dóibh an ceantar agus a dhéanann a ndícheall chun slacht a choimeád ar an timpeallacht agus é a dhéanamh sábháilte do leanaí.
- Tá ról tábhachtach ag Club Dornálaíochta Amaitéarach Dhroichead Átha sa phobal i gcónaí.

Grúpa Bainistíochta Eastáit Pháirc Fhinnéin

- Tar éis do Chomhordaitheoir RAPID iarratas a fháil i mí an Mheithimh bunaíodh grúpa bainistíochta i bPáirc Fhinnéin. Rinneadh dul chun cinn leanúnach sa bhliain 2010 agus bhí freastal maith ar chruinnithe. Is cosúil go bhfuil ionadaíocht níos fearr ag codanna áirithe den eastát ná a chéile ach déanfar iarracht ionadaíocht a spreagadh i ngach cuid de sa bhliain 2011. Chaith grúpa beag cónaitheoirí maidin Shathairn ag bailiú bruscair ar dhá ócáid.

Tithíocht i bPobail

Tabhairt chun críche CDP an Taobh ó Dheas

- Tugadh CDP an Taobh ó Dheas chun críche ar deireadh i Samhain 2010. Athchláraíodh an Chuideachta Tí mar The Community House Network Company Ltd agus ceapadh Bord nua go foirmiúil in Eanáir 2011. Cuireann comhaltaí an Bhoird an-spéis san fhorbairt atá beartaithe don teach ag 229 Ráth Maoláin. Tá gach tacaíocht is féidir á tabhairt ag Comhairle Buirge Dhroichead Átha agus ag RAPID don Bhord nua. Athchóiríodh an teach ina iomláine agus aontaíodh liosta cuimsitheach gníomhaíochtaí don bhliain 2011.

a

Iompar & Muirí

Bealach Dhún Dealgan-Carraig Mhachaire Rois-An Cabhán: - Naisc leis an nGeata

Deimhníodh go rachaidh an Bealach ó Dhún Dealgan go dtí an Cabhán trí Charraig Mhachaire Rois, Tá an obair ar siúl ar an réamhdhearadh don bhealach, i gcomhar le Comhairlí Contae Mhuineacháin agus an Chabháin.

Droichead Uisce Caol

Tá an droichead cábla atá beartaithe ag Uisce Caol dulta ar aghaidh go dtí an chéim phleanála, agus táthar ag feitheamh ar cheadú na Roinne chun gur féidir tús a chur leis an bpróiseas pleanála ar dhá thaobh na teorann.

Fodhlíthe Luasteorann

Tugadh isteach Fodhlíthe nua Luasteorann sa chontae an 15 Aibreán 2010.

Droichead Coise Thearmann Feichín

Cuireadh droichead coise agus soilse tráchta nua ar fáil ag an acomhal idir an R166 agus an R167 i dTearmann Feichín.

Cosaint Mhara Bhaile Trá

Ardaíodh an balla mara a bhí ann cheana i mBaile Trá chun an baol sceite ó bhorradh stoirme a mhaolú.

N53 Dún Dealgan go Bóthar Bhaile na Lorgan – Roinn Bhaile Bharúin go Baile Nua Dealgan

I Meán Fómhair tionóladh éisteacht ó bhéal maidir le ceannach éigeantach na dtailte a theastaíonn chun an scéim seo a thógáil. Táthar ag feitheamh ar chinneadh an Bhoird Phleanála.

Cothabháil Gheimhridh

Bhí an aimsir go dona ar ócáidí i míonna na Nollag agus Eanáir, agus bhí na teochta níos lú ná riamh roimhe sin. Leag Údarás Áitiúla Lú grean ar 123 ócáid agus clúdaíodh 426km ar gach ócáid.

Lena chois sin, seo mar a rinne an Rannóg Iompair

- rinneadh oibreacha feabhsúcháin ar 42 km de bhóithre
- cóiríodh an dromchla ar 40 km de bhóithre
- tugadh dhá scéim fheabhsúcháin áitiúla chun críche
- tugadh deich gcinn de scéimeanna ranníocaíochta áitiúla chun críche
- tugadh 10 gcinn de scéimeanna um fheabhsú sábháilteachta chun críche ar bhóithre náisiúnta agus ar bhóithre áitiúla
- tógadh sé cinn d'eastáit tithíochta i gcúram: Glenwood Abbey, Tigh an Lúir, Wallace's Cove, Na Creagacha Dubha, Carraig Ard, Na Creagach Dubha, Bailtíní Rónáin, Droim Ineasclainn, Ard na Mara, Na Creagach Dubha, Cnoc na Gréine, Tulach Álainn.
- leanadh den chlár um shábháilteacht ar bhóithre trí Chlár Lú um Imbhualtí a Chosc, trí Shirriam na gCriosanna Sábhála agus i gcomhar le himeachtaí arna n-eagrú ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.
- coimeádadh an creidiúnú faoin gCóras Bainistíochta Comhshaoil ISO 14001

Rannóg Tráchta Dhún Dealgan

Chun siopadóireacht a chur ar aghaidh i nDún Dealgan, rinne Comhairle Baile Dhún Dealgan laghdú ar tháillí páirceála i dtréimhse na Nollag idir 8 Nollaig agus 31 Nollaig 2010 ó €1.30 go €0.70 cent san uair.

Tháinig CBL i bhfeidhm maidir le gach carrchlós amach ón tsráid an 1 Iúil 2010. Níor mhéadaigh an Chomhairle an costas páirceála sa bhliain 2010. Aontaíodh ag Cruinniú Buiséid na bliana 2010 méadú a dhéanamh ar an táille páirceála sna carrchlóis lae ó €2.00 sa lá go €3.00 sa lá ag tosú an 1 Eanáir 2011.

Lorgaíodh tairiscintí sa bhliain 2010 chun na meaisíní páirceála atá anois ann a athsholáthar in imeacht a dhó nó a trí de bhlianta, ag tosú sa bhliain 2011.

Iompar & Muirí

Rannóg Bhóithre Dhroichead Átha Gníomhaíochtaí 2010

- Cothabháil bóithre agus cosán ar fud na Buirge.
- Córas nua tráchta slí amháin a chur chun feidhme ag Bord an Chorda.
- Fodhlíthe um Rialú Páirceála (Páirceáil Íoc agus Taispeáin), 2003, leasaithe 2009, a chur chun feidhme.
- Uasghrádú Fhaiche an Aonaigh idir R132 (Sráid Sheirse) go Sráid na Tríonóide.
- Uasghrádú ar Chnoc na Beairice, Sráid Dominic, Bóthar Thigh Líobáin, Lána Theach na mBocht, Na Glaschnoic, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Sráid an Bhréadúnaigh, Droichead Mhuire, Bóthar na Stroighne, Bóthar IDA, Na Lánaí Glasa, Sráid Bolton, Sráid na Tríonóide, Gairdíní an Hearmanaigh, Garrán na Feá.
- Scéim um fheabhsú na sábháilteachta ar chostas íseal tugtha chun críche ag Acomhal R132/Sráid Phádraig lena n-áirítear acomhal tráchta soilsithe.
- Marcanna do bhánna do dhaoine faoi mhíchumas ag suíomhanna éagsúla.
- Uasghrádú marcanna agus comharthaí bóithre ag láithreacha éagsúla.
- Scéim feabhsúcháin ar eastáit tithíochta lena n-áirítear bóithre a atógáil agus dromchla nua a chur orthu ag Ráth Maoláin, an Mhónaidh Mhóir, Páirc Lorcáin, an Pháirc Nua agus Radharc na Cluana.
- Páirceáil bhreise a chur ar fáil ag suíomhanna éagsúla.
- Suirbhé ar shócmhainní soilsithe poiblí laistigh den Bhuirg. Cothabháil agus uasghrádú ar an mbonneagar soilsithe poiblí sa Bhuirg.
- Oibreacha míchumais lena n-áirítear **cosáin a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas ag láithreacha éagsúla.**
- Bainistiú an tráchta laethúil, monatóireacht agus cothabháil comharthaí tráchta lena n-áirítear comhaireamh tráchta agus luais ag suíomhanna éagsúla
- Measúnú ar iarratais phleanála agus ar thuiriscí bóthair.
- Gnáthchothabháil ar bhóithre agus ar chosáin.
- Monatóireacht agus cothabháil lintéir bóthair.
- Marcanna agus comharthaíocht bóithre athnuaite / agus soláthraithe ag suíomhanna éagsúla.
- Cothabháil agus forfheidhmiú an Pháirceála Íoc agus Taispeáin
- Cothabháil gheimhridh – sneachta a bhaint agus grean a chur ar bhóithre agus ar chosáin feadh na mbealaí greanta.



Seirbhísí Uisce, Comhshaoil agus Éigeandála

Seirbhísí Uisce

Caomhnú Uisce

Tá an Clár um Chaomhnú Uisce ar leanúint agus toisc mhór ab ea an laghdú a rinneamar ar sceitheadh le tamall anuas in a laghad cur isteach a rinneadh ar sholáthar custaiméirí i dtréimhse na Nollag.

Tá measúnachtaí déanta againn faoi mar is gá chun an chéad mhórtionscadal athchóirithe ar an bpríomhlíonra a dhéanamh i nDroichead Átha agus i nDún Dealgan sna blianta 2011-2012. Tá airgead spáráilte againn trí infheistíocht chaipitil a chur siar agus tá na costais oibriúcháin á laghdú toisc an laghdú ar éileamh.

Táillí Uisce

Aistríodh go Comhairle Contae Lú an fhreagracht as billeáil custaiméirí neamhtheaghligh ar bhonn contae uile. Dírítear i láthair na huairé ar shonraí a aistríodh ó na húdaráis eile a shioncronú agus aon neamhréiteach a fuarthas a cheartú. Tá suirbhé á dhéanamh chun uilíochas an chórais mhéadráithe a chinntiú agus leanfar é sin le hoibreacha suiteála agus uasghrádaithe de réir mar is gá.

Dramhuisce

D'éisigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil Ceadúnas um Chóireáil Dramhuisce do Ghléasra Cóireála Dramhuisce Dhún Dealgan ag lorg cóireáil fheabhsaithe chun na leibhéil fosfáite agus níotráite sa sceitheadh a laghdú. Beidh cóireáil den chineál céanna de dhíth ag suíomhanna eile chun géilleadh a chinntiú do na Rialacháin um Uisce Dromchla 2009 agus do reachtaíocht eile, rud a chuirfidh costas mór caipitil agus oibriochta ar an gComhairle.

Uasghrádaíodh na saoráidí cóireála dramhuisce a bhí ann cheana ag Droim Ineaslainn agus tá teicneolaíocht nua rialaithe á thástáil ag an gComhairle féachaint na hoibreacha sin a dhéanamh níos éifeachtaí.

Coimisiúnaíodh na ceithre ghléasra nua ag Sráidbhaile Lú, Baile an Tallúnaigh, Collann agus Cnoc an Droichid agus tá siad i bhfeidhm go hiomlán. Uasghrádaíodh roinnt stáisiún pumpála séaraigh chun córais aláiraim agus teicneolaíochtaí coiscthe blocála a ionsú iontu agus úsáid fuinnimh a bharrfheabhsú.

Rinneadh dul chun cinn maidir le mórscéimeanna séarachais a chur chun cinn i mBaile Átha Fhirdhia agus in Ó Méith agus rinneadh mionsuirbhé ar an mbail atá ar líonraí bailiúcháin Bhaile Átha Fhirdhia, Na gCreagach Dubha agus Dhroichead Átha.

Uisce

Rinneadh infheistíocht eile i gcóras monatóireachta agus aláiraim agus i mbearta eile chun géilleadh do riachtanais an GCC. Suiteáladh córas rialaithe PH ag Gléasra Cóireála Uisce Bhaile Átha Fhirdhia chun caighdeán na cóireála a fheabhsú agus rinneadh dul chun cinn maidir le naisc sheirbhíse luaidhe i nDún Dealgan a bhaint.

Rinneadh dul chun cinn suntasach, leis, maidir le soláthar uisce Uí Mhéith sa mhéid is gur ceapadh comhairligh agus gur tugadh na hoibreacha dearaidh chun críche i gcás an nuashonraithe atá beartaithe ar stáisiún Steach Luíne agus Cnoc an Chabháin. Tugadh oibreacha uasghrádaithe chun críche ag Halla na Rós, rud a chuireann le dianseasmhacht an tsoláthair do Dhroichead Átha.

Bainistíocht Fuinnimh

Tá roinnt tionscnamh idir lámha le cinntiú go mbaintear an úsáid is fearr is féidir as fuinneamh agus seirbhísí uisce á soláthar. Ar áireamh anseo tá barrfheabhsú an phróisis, staidéar ar fheidhmíocht pumpaí agus uasghrádaithe nuair is gá sin.

Bainistíocht Sócmhainní

Tá tús curtha againn le mórtionscadal bainistíocht sócmhainní. Díreofar i dtús báire ar chlár struchtúrtha cothabhála a fhorbairt chun síneadh a chur le saol na sócmhainní agus i gceist sa chlár beidh monatóireacht ar fheidhmíocht, tíosacht ar fhuinneamh, pleanáil airgeadais agus gnéithe sláinte agus sábháilteachta.

Seirbhísí Uisce, Comhshaoil agus Éigeandála

Comhshaoil

Bainistíocht Dramhaíola

Lean Comhairle Contae Lú de bheith ag obair leis na comh-údaráis áitiúla eile sa réigiún chun na spriocanna atá leagtha amach i bPlean Bainistíochta Dramhaíola an Oirthuaiscirt a bhaint amach. Coimeádadh lear mór dramhaíola orgánaigh amach as láithreach líonta talún leis an tseirbhís thrialach araid dhonn i nDún Dealgan, i mBaile Átha Fhirdhia agus sna Creagacha Dubha agus rinneadh dul chun cinn ar phleananna i gcaitheamh na bliana chun an tseirbhís seo a leathnú chuig gach ionad sa chontae ina bhfuil breis is 1500 duine. Eagraíodh roinnt feachtas poiblíochta chun feachtas a chothú ar úsáid cheart na n-araidí donna lena n-áirítear imeachtaí in ollmhargaí agus suirbhéanna i dtaobh athchúrsáil bhaile.

Athchúrsáil

Fuarthas torthaí den scoth arís sa bhliain 2010 ar iarrachtaí athchúrsála i Lú: sáraíodh gach curiarracht a bhí roimhe ann i dtaca le tonnáiste athchúrsáilte ag an ngréasán de bhainc 'Beir Leat' ar fud an chontae. Rinneadh iarrachtaí dramhaíl a íoslaghú agus tugadh faoi thionscnaimh athchúrsála le grúpaí pobail agus le scoileanna lena n-áirítear mórfheachtas teaghlaigh mar gheall ar athchúrsáil batairí agus seó faisin athchúrsála sna Creagacha Dubha. Cuireadh an chéad Scéim Múirínithe Pobail sa chontae ar bun i mBaile an Tallúnaigh.

Mar thoradh ar fheidhmíocht láidir an chontae i dtaca le hathchúrsáil mar aon le forfheidhmiú éifeachtach na rialachán pacáistíochta bhí Comhairle Contae Lú ar an ngearrliosta arís i mbliana mar Údarás Áitiúil Repak na Bliana.

Láthair Líonta Talún na hAbhann Bán

D'oibrigh an láithreán líonta talún de réir na gcoinníollacha a leagadh amach i gceadúnas na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil le linn 2010. Bhí cruinnithe ag oifigh na Comhairle agus cónaitheoirí áitiúla go rialta chun dea-chleachtas a chinntiú maidir le bainistiú an láithreáin. Tá laghdú suntasach tagtha ar an méid dramhaíola atá á cur sa láthair líonta talún i ngeall ar an gcúlú sa gheilleagar. Laghdaíodh an táille dramhaíola geata i ngeall ar bhrú iomaíoch sa tionscal dramhaíola agus cuireann sé sin leis an dúshlán atá faoin gComhairle ioncam a fháil ó oibriú an láithreáin líonta talún.

Forfheidhmiú Rialachán Dramhaíola

Bhí forálacha na reachtaíochta comhshaoil á chomhlíonadh i gcónaí ag Comhairle Contae Lú mar a éilíonn an reacht.

San áireamh sa chomhlíonadh sin bhí cigireachtaí chun géilliúlacht a chinntiú le reachtaíocht faoi Fhreagrachtaí Táirgeoirí, lena n-áirítear Tobhach na Málaí Plaisteacha, an Tobhach Plaisteach Feirme, Feithiclí Deireadh Saoil, WEEE, Pacáistiú, Cadhnraí agus Rialacháin maidir le Boinn.

Tugadh iniúchtaí chun críche chomh maith ar shaoráidí dramhaíola, ar shealbhóirí ceada bailithe dramhaíola agus ar cheadúnais um dhoirteadh eisiltigh, agus ar phointí seiceála bóthair i gcomhar leis an nGarda Síochána. Bhí gearáin á bhfáil i gcónaí agus á n-imscrúduithe agus tionscnaíodh imeachtaí dlíthiúla nuair ba chuí.

Uair amháin eile caitheadh roinnt mhór airgid sa bhliain 2010 ar obair a bhain le iarrachtaí chun fotháirgí ó ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha sciúrtha díosail i gceantar na teorann a láimhsiú agus a chur de láimh.

Bainistíocht Bhruscair

Lean na trí údarás bhruscair sa chontae de bheith ag forfheidhmiú an Achta Bruscair i gcaitheamh na bliana agus uair amháin eile bhí líon na bhfíneálacha a chláraigh an contae maidir le bruscair (732) ar cheann de na líonta ba mhó sa tír. Comhlánaíodh cur chuige an bhata le cur chuige an chairéid, trí shraith imeachtaí um fheachtas ar bhruscair, cuairteanna ar scoileanna agus tacaíocht do Ghlantachán Náisiúnta an Earraigh inar chabhraigh breis is 4,000 duine go deonach i Lú chun sráideanna an chontae a ghlanadh.

Clár Comhshaoil na Scoileanna

Ag deireadh bliana bhí **59 Bratach Ghlas** ar foluain sa chontae, rud a léirigh clár bhainistíochta bruscair agus dramhaíola den scoth ar fud an chontae. Tá Pleananna um Bainistíocht Fuinnimh agus um Chaomhnú Uisce ag mórchuid de na scoileanna mar chuid den phróiseas sin agus tá roinnt rannpháirtithe tar éis dul ar aghaidh go dtí Pleananna Gníomhaíochta um Thaisteal Inbhuanaithe. Bhí bliain rathúil eile ag Scéim Duaiseanna na mBunscoileanna agus tháinig urra nua, Energia, ar bord chun an feachtas a chomh-mhaoiniú.

Seirbhísí Uisce, Comhshaoil agus Éigeandála



Bainistíocht Fuinnimh

Lorg an Chomhairle tairiscintí sa bhliain 2010 maidir le leictreachas agus díosal bóthair. Spáráil sé sin mórchuid airgid agus is fearr an mhonatóireacht ar úsáid dá bharr. Tar éis tairiscintí a bhreithniú tá soláthraí nua ag soláthar leictreachas glas d'fhorhóir na gcuntas. Mar bharr ar bhliain rathúil ó thaobh bainistíocht fuinnimh de bhuaigh tionscadal ina raibh Halla an Chontae páirteach Dámhachtain Náisiúnta um Thíosacht ar Fhuinneamh SEAI sa bhliain 2010.

Sábháilteacht Bia

Bhí an obair seirbhíse conartha don FSAI ar sceideal i gcónaí sa bhliain 2009. Rinneadh breis is 250 cigireacht agus 16 iniúchadh iomlán i gcaitheamh na bliana.

Comórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara

Rinneadh comóradh mór ar fud an chontae, go háirithe i mBaile an Tallúnaigh i lár Lú nuair a fógraíodh Baile an Tallúnaigh ina Bhuaiteoir Iomlán ar Chomórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara 2010 ag an Searmanas mór Duaiseanna in Amharclann Helix i mBaile Átha Cliath. Bhuaigh an contae duais náisiúnta eile nuair a bhuaigh Scoil Educate Together Bhaile Átha Fhirdhia Catagóir Scoile an chomórtais. Eagraíodh Fáiltithe Sibhialta chun an dá bhuaiteoir sin a onóru. Bronnadh Bonn Ór ar Bhaile an Tallúnaigh, ar Dhún Dealgan agus ar Dhroichead Átha sa chomórtas, bronnadh Bonn Airgid ar Chnoc an Droichid agus mhéadaigh gach ceann de na 24 iontrálaí a mharcanna i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Bronnadh breis is 200 marc ar gach ionad.

Bhain Lú aitheantas náisiúnta as Comhdháil Náisiúnta na mBailte Slachtmhara rathúil a óstáil. Bhí toscairí ó gach cearn den tír i láthair ag an gComhdháil sin.

Caighdeán an Uisce

Tá Creat-treoir Uisce an AE 2000/60/CE á chur chun feidhme trí bhithin Pleananna Bainistíochta Abhantraí i gCeantair nEathach na Banna agus na hAbhann Thoir sa chontae. Cuireadh tús sa bhliain 2010 leis an gcéad sraith beart chun spriocanna cáilíochta um bainistíocht uisce a bhaint amach agus tabharfar chun críche iad sa bhliain 2015.

Bhí monatóireacht á déanamh ar chaighdeán an uisce shnáma i gcaitheamh na bliana agus sroicheadh an caighdeán riachtanach. Choimeád Lú an Bratach Ghorm ar thránna ag Baile an Teampaill, Port agus Ceann Chlochair sa bhliain 2010.

Póna Ainmhithe

Fuarthas bailte nua do líon mór madraí mar ab iondúil. Den 700 madra a tháinig isteach sa phóna tugadh 90% ar ais dá n-úinéirí nó fuarthas baile nua dóibh. Ceannaíodh 6,400 ceadúnas sa bhliain 2010, líon a bhí inchurtha le blianta eile. Bhí fadhb ann le leas capall arís sa bhliain 2010, i ngeall ar an gcúlú sa gheilleagar, roinnt mhaith, agus tugadh 16 chapall isteach sa phóna, cuid acu a raibh droch-bhail orthu.

Choimeád an Póna caighdeán comhshaoil ISO14001 sa bhliain 2010 tar éis do chomhlacht neamhspleách creidiúnaithe cigireacht a dhéanamh ar an bpóna.



Seirbhísí Uisce, Comhshaoil agus Éigeandála

Comhshaoil Dhroichead Átha

Ar na rudaí a rinne an rannóg comhshaoil i gcaitheamh na bliana bhí glanadh sráide, rialú fiailí, gearradh féir agus sceacha a eagrú, monatóireacht a dhéanamh ar ghás ag an Seanláthair Líonta Talún ar Bhóthar Chollainn, suirbhéanna don Chóras Náisiúnta Monatóireachta ar Thruaillíú Bruscair (GIS Bruscair), Acht na Láithreán Tréigthe, 1990, a chur i bhfeidhm, graifítí a bhaint agus an feachtas bliantúil coiscthe bruscair a thionscnamh i scoileanna dara leibhéal. Eagraíodh an tionscnamh bliantúil Oíche Shamhna chun an méid dramhaíola teaghlaigh ar thinte cnámha agus costais ghlantacháin a laghdú, agus Glantachán Náisiúnta an Earraigh, an tSeachtain Náisiúnta Athchúrsála agus Duaiseanna bliantúla Áilleacht na Bóinne.

Don tríú bliain as a chéile, bronnadh Bonn Óir ar Droichead Átha i gComórtas na mBailte Slachtmhara agus aicmíodh an baile sa bhliain 2010 mar an cúigiú baile ba ghlaire i gCraobhchomórtas Gnólachtaí Éireannacha in aghaidh an Bhruscair.

Bronnadh deontais taitneamhachta arbh fhiú €27,000 iad ar chumainn cónaitheoirí agus ar ghrúpaí pobail le haghaidh tionscadal chun feabhas a chur ar bhainistíocht eastát agus a dtimpeallacht.

Tuarascáil ar Sheirbhísí Dóiteáin agus Rialaithe Foirgníochta Lú le linn 2010

Glaodh Seirbhís Dóiteáin Dhún Dealgan amach 624 uair agus Seirbhís Dóiteáin Dhroichead Átha 752 uair le linn 2010, ar mhéadú beag é ar an mbliain 2009. Bhí méadú ar dhóiteáin féir agus fraoigh agus laghdú ar dhóiteáin ghluaisteáin. D'fhreastail seirbhísí dóiteáin Bhaile Átha Fhirdhia, Chairlinn agus Dhún Léire ar 300 teagmhas nó mar sin i gcaitheamh na bliana 2010.

Roghnaíodh foireann dearaidh sa bhliain 2010 chun Ionad Oilíúna Sheirbhís Dóiteáin Réigiúnach Dhún Dealgan a leathnú agus tá tús curtha leis an bpróiseas dearaidh.

Cuireadh raon seirbhísí oilíúna dóiteáin ar fáil i gcaitheamh 2010, lena n-áirítear tús a chur leis an oiliúint faoi Gnáth-threoirí nua Oibríochtúla na Seirbhíse Dóiteáin.

Seachadadh inneall dóiteáin nua do Sheirbhís Dóiteáin Dhún Dealgan i mí ina Nollag 2010. Cuireadh gléas comhcheangailte (inneall dóiteáin agus ardán hidrálach) ar fáil do Sheirbhís Dóiteáin Dhroichead Átha sa bhliain 2010.

Eagraíodh cainteanna ar an tslí leis an Athbhreithniú Straitéiseach ar Sheirbhísí Dóiteáin Lú a chur chun feidhme sa bhliain 2010.

Lean an Rannóg Coiscthe Dóiteáin dá chlár chun díriú ar fhoirgnimh árasán agus tithe altranais le cigireachtaí sábháilteacht dóiteáin a dhéanamh orthu sa bhliain 2009. Seirbheáladh roinnt fógraí dúnta agus fógraí sábháilteacht dóiteáin maidir le foirgnimh árasán.

Phróiseáil an Rannóg Coiscthe Dóiteáin 112 iarratas ar dheimhniú sábháilteacht dóiteáin sa bhliain 2010, i gcomparáid le 96 iarratas sa bhliain 2009.

Chuir pearsanra ó Sheirbhísí Dóiteáin Dhún Dealgan, Droichead Átha agus Chontae Lú Clár Sábháilteacht ó Dhóiteáin na mBunscoileanna ar fáil i ngach scoil i Lú le linn 2010.

Rinne an rannóg Rialú Foirgníochta líon mór cigireachtaí ar thithe agus ar fhoirgnimh eile agus tá roinnt ionchúiseamh idir lámha maidir le neamhghéilliúlacht do na Rialacháin Foirgníochta. Chun géilliúlacht don reachtaíocht deimhniúcháin BER a chinntiú, lorgaíodh deimhnithe BER i dtaca le gach forbairt.

Cosaint Sibhialta

Bhí sainoiliúint á cur ar shaorálaithe Cosanta Sibhialta i gcónaí sa bhliain 2010 agus thacaigh siad leis na seirbhísí éigeandála de réir mar ba ghá agus sholáthair siad tacaíocht pobail. Ba mhór an chabhair é do shaoránaigh Chontae Lú saorálaithe Cosanta Sibhialta a bheith ar fáil le linn na drochaimsire an geimhreadh seo caite.

Plean Móréigeandála

Eagraíodh Cleachtadh Móréigeandála i Halla an Chontae an 4 Samhain 2010. Cleachtadh barr boird a bhí ann le comhoibriú ó chomhaltáí den Gharda Síochána agus d'FSS. Baineadh úsáid as cnámha scéil imbhuailte traenach agus sceitheadh ceimiceán mar thoradh air chun Plean Móréigeandála Lú a ghníomhachtú. An phríomhaidhm a bhí leis an gcleachtadh ná deis a thabhairt do dhaoine atá ainmnithe sa Phlean Móréigeandála dul i dtaithe ar a róil agus ar a fhreagrachtaí. Aidhm eile ná an Córas Glaoigh Amach SMS, an Córas Bainistíochta Eolais agus Sreafaí Cumarsáide/Eolais a thástáil agus Idirchaidreamh idir na Meáin a ionshamlú. Bhain na rannpháirtithe ar fad tairbhe as an gcleachtadh agus d'aibhsigh sé réimsí nár mhór a fheabhsú sa bhliain 2011.

Bainistíocht Forbartha

Teacht ar an bhFoireann Phleanála agus ar Dhoiciméid

Bhí an oiread comhalta den fhoireann phleanála agus ab fhéidir ar fáil chun déileáil le ceisteanna phleanála ginearálta ag an gcuntar agus d'oibrigh sé sin go maith sa bhliain 2010. Bhí ceisteanna phleanála ar an teileafón ar áireamh ansin. D'éagraigh na pleanálaithe coinní réamhphleanála do lucht iarrtha cead phleanála. Eagraíodh na clinicí sin ar an gCéadaoin, i gcás Lú Thuaidh agus Láir, agus ar an Déardaoin i gcás Lú Theas. Scagadh gach iarratas phleanála a fuarthas sa bhliain 2010 agus tá siad ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Comhairle mar chuid de chur chun cinn agus d'fheabhsú an chúraim do chustaiméirí.

Sa bhliain 2010 athchumraíodh an rannóg Bainistíocht Forbartha i gComhairle Contae Lú chun na toghcheantair údaráis áitiúil a léiriú mar seo a leanas:

- Dún Dealgan Cairlín/Dún Dealgan Theas
- Lú Láir
- Droichead Átha Thoir/ Droichead Átha Thiar

D'fhreastail an fhoireann phleanála ar na cruinnithe ceantair sa bhliain 2010 chun déileáil le haon mhórchesteanna/ábhair phleanála a tháinig chun cinn.

Deimhniú an Mhairc Cháilíochta

Fuair an Chomhairle creidiúnú an Mhairc Cháilíochta den chéad uair sa bhliain 2007, tar éis iniúchadh neamhspleách a bheith déanta ar bheartais, ar phróisis agus ar nósanna imeachta Rannóg Pleanála na Comhairle. Choimeád agus d'fheabhsaigh an Rannóg Pleanála caighdeán an Q Mhairc le linn 2010, mar a fíoraíodh san iniúchadh seachtrach bliantúil a rinneadh i mí na Nollag 2010.

Forfheidhmiú

Ag druidim le deireadh na bliana 2009, rinneadh cuid de Bhainistíocht Forbartha den fhorfheidhmiú phleanála. D'éirigh go maith leis an socrú sin sa bhliain 2010 agus rinneadh cásanna a líomhchóiriú agus a réiteach go tapa dá bharr. Méadaíodh ar fhorfheidhmiú ar fud an chontae, leis.

An Scéim do Ranníocaíochtaí Forbartha

Ghlac an Chomhairle Scéim do Ranníocaíochtaí Forbartha faoi fhorálacha Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 go 2007 an 15 Márta 2010 agus beidh sé i bhfeidhm go dtí an bhliain 2014. Baineann an scéim le limistéar feidhme Chomhairle Contae Lú (ach amháin Droichead Átha Thuaidh atá clúdaithe ag scéim ar leith Alt 48 don limistéar sin). Foráiltear go soiléir sa Scéim an leibhéal ranníocaíochta a bheidh le déanamh ag forbróirí i gcás gach cineál forbartha, chomh maith leis an mbonn leis an ranníocaíocht a ghearradh. Lena chois sin, foráiltear ann chomh maith do laghdú i ranníocaíochtaí i gcás catagóirí áirithe forbartha sa raon ó laghdú de 25% go 75%. Is fiú a lua chomh maith go ndéanfar laghdú 10% ar ranníocaíochtaí forbartha i gcás (i) ina n-íoctar ranníocaíochtaí ina n-iomláine sula dtosaíonn aon oibreacha ar an bhforbairt i gceist nó aon fhorbairt ghaolmhar ar an láthair chéanna agus (ii) ina ndéantar an íocaíocht laistigh de dhá mhí dhéag ó dheonú an cheada.

Maoineoidh ranníocaíochtaí ón scéim soláthar an bhonneagair atá riachtanach chun forbairt agus fás a bhuanú sa chontae sa todhcháí.

D'fhéadfaí ranníocaíocht speisialta a ghearradh maidir le forbairt ar leith ina bhfuil costais eisceachtúla ar leith nach gclúdaítear faoin scéim ghinearálta maidir le bonneagar agus saoráidí poiblí a dtairbheoidh an fhorbairt bheartaithe díobh.

Fuarthas €1,512,801.96 sa bhliain i ranníocaíochtaí faoin scéim seo.

An Scéim do Ranníocaíochtaí Forlíontacha Forbartha – Bonneagar Iompair Iartharach Dhún Dealgan

De réir Alt 49 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, ghlac comhaltaí Chomhairle Contae Lú Scéim do Ranníocaíochtaí Forlíontacha Forbartha i mí Dheireadh Fómhair 2008 chun bonneagar lompar Iartharach Dhún Dealgan a chur ar fáil. Bainfidh an scéim le forbairt atá suite laistigh de limistéar na scéime agus a thairbhíonn go díreach den tionscadal.

Bainistíocht Forbartha

Drogheda Planning & Development

In 2010, the planning section continued to be responsible for the consideration of applications for planning permission, the control of ongoing development, the enforcement of planning legislation, and providing advice on planning related matters together with enforcement of the Building Control legislation. In 2010 100 planning applications were processed by Drogheda Borough Council.

The assessment of planning applications for the development in that area covered by the Master Plan for the Northern Environs of Drogheda was ongoing during 2010.

The Drogheda Economic Forum established in 2009, continued to bring together key stakeholders to implement the integrated Economic Development Strategy and to secure the economic development of the greater Drogheda area over the period 2009-2015 and beyond and to realize the overall vision for Drogheda of a flourishing urban centre with vibrant communities either side of the River Boyne.

The Review of the Drogheda Borough Council Development Plan continued.

Under Section 48 of the Planning & Development Acts 2000 -2010, a new Draft Development Contribution Scheme for the period 2010-2014 was introduced on 1 March 2010. The New Scheme provides for reductions in contributions relating to certain categories of development.

Forbairt Eacnamaíochta

Bhí rath ar Fhóram Eacnamaíoch Lú faoi cheannas Pádraic White arís sa bhliain 2010. Foilsíodh trí cinn de phleananna gníomhaíochta as sraith de dheich gcinn ar a n-áirítear: Infheistíocht Dhíreach Isteach, Fuinneamh Inbhuanaithe, Tionsclaíocht Dhúchasach, Turasóireacht agus Oidhreacht, Oideachas agus Oiliúint, Gnó Aoisdháimhiúil, Talmhaíocht agus Iascach, Sárchontae le Gnó a Dhéanamh inti a Dhéanamh de Lú, Leathanbhanda agus Dorchla Eacnamaíoch Dhroichead Átha Dhún Dealgan an Iúir.

Bunaíodh Fóram Eacnamaíoch Lú sa bhliain 2009 faoi choimirce an Bhoird Forbartha Contae agus faoi cheannas Pádraic White, iar-Stiúrthóir Bainistíochta IDA Ireland. Tugann an Fóram le chéile gach ceann de ghníomhaireachtaí an Stáit a bhfuil baint acu leo siúd a gheineann gníomhaíocht eacnamaíochta sa chontae agus is aonionad gnó é d'infheisteoirí féideartha.

Is iad na príomhchuspóirí atá leis an bhFóram Eacnamaíoch, a chomhordaítear tríd an Aonad Forbartha Eacnamaíochta agus Pleanála don Toghcháil i gComhairle Contae Lú: Lú a chur chun cinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta mar an contae is fearr in Éirinn le gnó a dhéanamh ann, teagmháil a dhéanamh le gnólachtaí nua agus le gnólachtaí atá ann cheana a bhfuil sé i gceist acu gnó a dhéanamh sa chontae agus a chinntiú go réitítear gach ábhar gnó a bhaineann le húdarás áitiúil ar shlí thráthúil chomhsheasmhach, dul i mbun oibre le gníomhaireachtaí eile agus cuidiú leo a dtéarmaí tagartha maidir leis an gcontae a chomhlíonadh, Lú a chur chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta, cultúrtha agus oidhreachta, timpeallacht agus dálaí a chruthú a chothóidh forbairt eacnamaíochta agus cruthú post agus Lú a neartú mar ionad fuinnimh inbhuanaithe den scoth agus féachaint leis an tuarascáil ón ngrúpa ardleibhéal ar an nGeilleagar Glas a chur chun tairbhe don chontae.



Sa Plean Gníomhaíochta um Infheistíocht Dhíreach Isteach a foilsíodh tá sraith gníomhaíochtaí aontaithe maidir le Infheistíocht Dhíreach Isteach i gContae Lú agus beidh na gníomhaíochtaí sin ar aon dul le cur chuige IDA Ireland, rud a mhéadóidh an dóchúlacht go mbeidh rath orthu.

Leagtar amach sa phlean trí earnáil ar leith a ndíreofar orthu feasta: Cógaisíocht, Teicneolaíocht Ghlan (mar chuid den Gheilleagar Glas i gcoitinne) agus Seirbhísí a Thrádáiltear go hIdirnáisiúnta lena n-áirítear Seirbhísí Airgeadais.

Sa Plean Gníomhaíochta um Fuinneamh Inbhuanaithe saináithníodh trí dheis mhóra do Chontae Lú arb iad: tógáil ar na dea-chleachtais Fuinnimh Inbhuanaithe a forbraíodh ó Dhún Dealgan 2020 agus an Tionscadal Iomlánach agus cuidiú leo iad sin a aistriú go ceantair uirbeacha eile sa chontae, cuidiú le gnólachtaí áitiúla bheith níos iomaíoch trí oiliúint agus tacaíochtaí tíosach ar fuinneamh a sholáthar agus cumasú do ghnólachtaí glana saotharlann bheo a dhéanamh de Chontae Lú chun táirgí agus seirbhísí a thriail, a thástáil agus a fhorbairt. Aontaíodh chomh maith go ndéanfar aithris ar chur chuige Dhún Dealgan 2020 i nDroichead Átha agus i mBaile Átha Fhirdhia, go ndéanfar tionscnamh speisialta spárála fuinnimh a chur chun feidhme i seasca comhlacht i Lú, go ndéanfar ceannaireacht agus inniúlacht a fhorbairt i dTeicneolaíochtaí Cliste, go molfar Páirc Eolaíochta agus Tionsclaíochta Dhún Dealgan mar Pháirc Ghnó Ghlas IDA den Scoth, go molfar Droichead Átha mar mhol le haghaidh dorchla Sheirbhísí Idirnáisiúnta Glasa ar a n-áireofar Aerfort Bhaile Átha Cliath, An Pointe Thoir agus an tIonad Seirbhísí Airgeadais atá ann cheana agus go molfar Dún Dealgan mar phríomh-iarratasóir nuair a bheidh 'Baile Cliste' á roghnú ag an Rialtas.



Forbairt Eacnamaíochta

Is é aidhm an **Phlean Gníomhaíochta um Thionsclaíocht Dhúchasach** faoi mar a foilsíodh é timpeallacht a chruthú sa chontae ina gcothófar gnólachtaí atá ann cheana agus ina ndéanfar fiontair nua a fhorbairt. Níor mhór don earnáil dhúchasach naisc chriticiúla a chothú le hinfheistíocht eachtrach trí sheirbhísí agus ábhair Éireannacha a cheannach go hindíreach, rud a chruthódh poist in Éirinn agus teacht isteach don chontae agus don cheantar máguaird.

Tacóidh sé le nuáil agus misneoidh sé é sna margaí intíre trí raon seirbhísí tacaíochta a thionscnamh d'fhiontair sa mhargadh intíre, seirbhísí atá lasmuigh de théarmaí tagartha na nGníomhaireachtaí Forbartha Stáit de ghnáth. Díríonn an Plean Gníomhaíochta um Thionsclaíocht Dhúchasach ar fhiontraíocht a éascú agus ar thimpeallacht fiontraíochta a chur chun cinn i bpobail áitiúla agus tuaithe agus misneoidh sé comhlachtaí nua bunaithe ar nuáil sa chontae agus déanfaidh sé a chion chun iad a thiomáint.

Gné fhiorthábhachtach den Phlean is ea '**Aonad Tacaíochta Gnó**' a bheith bunaithe ag Údaráis Áitiúla Lú chun bheith mar chomhéadan le gnólachtaí nua agus le gnólachtaí a bhí ann cheana agus atá ag obair sa chontae agus mar éascaitheoir dóibh chomh maith. Is iad na gnólachtaí sin atá i gceartlár na fiontraíochta príobháidí sa gheilleagar, is iontu atá formhór na bpost agus tá acmhainní móra acu ó thaobh taithí agus eolas gnó. Beidh an tAonad Tacaíochta Gnó mar chéad phointe tagartha (Ionad Ilfhreastail) i gcás gach ceist ghnó. Bealach a bheidh ann chun cabhair agus tacaíochtaí a fháil i ngach réimse ó na comhlachtaí agus na hinstiúidí atá lonnaithe sa chontae cheana féin agus níos faide i gcéin, agus déanfaidh siad contae "Gnó-Dháimhiúil" den chontae i gcás na dtionscal ar fad. Déanfaidh an t-aonad obair cheannródaíochta ó thaobh sraith seirbhísí tacaíochta a sholáthar d'fhiontair sa mhargadh intíre, fiontair a bhíonn lasmuigh de ghnáth-théarmaí tagartha na nGníomhaireachtaí Forbartha Stáit atá ann cheana, agus déanfaidh siad "Contae Gnó-Dháimhiúil" de Lú i gcás gach cineál tionscail.



Geata Réigiúnach

Pleanáil Don Todhchaí

Soláthraíonn an tAonad tiomnaithe um Pleanáil don Todhchaí Seirbhís Phleanála Forbartha ar fud an chontae d'Údarás Áitiúla Lú. Léiríonn na pleananna forbartha éagsúla atá á réiteach ag an Aonad Pleanála don Todhchaí na hathruithe ó bhun atá ar siúl faoi láthair ar an gcóras náisiúnta pleanála. I measc na n-athruithe sin tá cineálacha nua cur chuige i leith ceisteanna comhshaoil, iompair, dearadh uirbeach, fuinnimh agus tuilte agus tuilleadh nach iad. Mar thoradh ar lear mór treoirlínte náisiúnta agus réigiúnacha ar na ceisteanna thuas agus ar cheisteanna eile nach iad tugadh míreanna nua isteach sa phróiseas pleanála don todhchaí a fhágann go bhfuil réiteach na bpleananna forbartha níos casta anois iad ná riamh.

Lean an obair ar aghaidh sa bhliain 2011 ar Phlean Forbartha Chomhairle Buirge Dhroichead Átha 2005-2011. Cuireadh tús le hobair mhionsonraithe ar Phleananna Limistéir Áitiúla Bhaile Átha Fhirdhia agus Dhún Léire a ullmhú, lena n-áirítear roinnt imeachtaí comhairliúcháin phoiblí a eagrú agus rannpháirtíocht ghníomhach a éascú ag páirtithe leasmhara maidir le hábhar na bpleananna. Cuireadh tús leis an obair, leis, ar phleananna limistéir áitiúla a ullmhú i gcás Thuaisceart an Chontae agus eagraíodh comhairliúchán poiblí maidir leis sin in Ó Méith, i gCairlín agus i gCnoc an Droichid.

De réir riachtanais an Achta um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010 agus chun na cuspóirí beartais a bhaint amach rinneadh suirbhéanna agus anailís mhionsonraithe i limistéar Phlean Dhún Dealgan agus a Phurlán i gcaitheamh na bliana 2010 chun an chéad "Croí-Straitéis" sa tír a sholáthar. Tá an obair sin ar siúl i gcónaí. Tugadh athbhreithniú chun críche sa bhliain 2010, leis, ar na Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí le haghaidh Cheantar na Teorann.

I gcaitheamh 2010 tugadh mionteagaisc don Choiste Beartais Straitéisí um Fhorbairt Eacnamaíochta agus Pleanáil don Todhchaí maidir le:

- Roll amach agus seachadadh na bPleananna Limistéir Áitiúil.
- Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha.
- Tionscadal Feirm Ghaoithe Oiriaila.
- An Plean Gníomhaíochta um Infheistíocht Eachtrach Dhíreach.
- An Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inbhuanaithe.
- An Plean Gníomhaíochta um Thionsclaíocht Dhúchasach.
- An Beartas Tithíochta Tuaithe i gComhairle Chontae Lú.

- An Córas Pleanála agus an Baol ó Thuilte.
- Staidéar Forbartha ar Thurasóireacht Lú agus na Mí.
- An Plean Gníomhaíochta Turasóireachta agus Oidhreachta.

Caomhnú

Leanadh den Scéim um Dheontais Chaomhnaithe i gContae Lú chun cuidiú a sholáthar maidir le hobair chaomhantais riachtanach ar struchtúir chosanta áirithe, leithéidí deisiú tuí agus dín, deisiú lintéar iarainn theilgthe agus fuinneog agus rudaí eile nach iad sa bhliain 2010. Ba é €103,783 an ciste iomlán a bhí ar fáil do dheontais sa bhliain 2010.

I measc na ngníomhaíochtaí caomhantais eile sa bhliain 2010 bhí:

- Athbhreithniú ar an mBeartas Caomhantais Phlean Forbartha Dhroichead Átha 2005-2011 chun cur leis an gcosaint atá ag oidhreacht ailtireachta Dhroichead Átha agus athbhreithníodh ar an Oidhreacht Thógtha féachaint an raibh gach beartas ann bailí agus cothrom le dáta agus de réir na dtreoirlínte náisiúnta.
- Ionchur maidir le caomhnú i gCreatphlean Abhainn na Bóinne Chomhairle Contae Lú/Chomhairle Contae na Mí; creatphlean chun Láthair Oidhreachta Dhomhanda Bhrú na Bóinne a chosaint.
- Ionchur leanúnach chun Oidhreacht Thógtha Chontae Lú a chosaint trí bhíthin phróisis Bhainistíochta Forbartha agus Forfheidhmiúcháin de réir Bheartas an Phlean Forbartha agus Threoirlínte an Rialtais.
- Obair leanúnach ar Thairfead na Struchtúr faoi Chosaint.

Seirbhís Oidhreachta

An aidhm tríd is tríd maidir le hoidhreachta an chontae ná caomhnú, bainistíocht agus forbairt bháúil oidhreachta an chontae a chomhordú agus mórtas an phobail san oidhreachta sin a chur chun cinn, mar aon le freagracht as. Le caomhnú agus bainistíocht oidhreachta an chontae a chinntiú, ní mór dúinn daoine a chur ar an eolas faoin oidhreachta sin, bród a chothú iontu ina taobh agus taispeáint dóibh conas tacú léi agus leas a bhaint aisti chun bonn a chur faoi thionscal turasóireachta forásach. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina bhealach éifeachtach chun caomhnú na hoidhreachta a chinntiú.

I measc na nGníomhaíochtaí Oidhreachta sa bhliain 2010 bhí:

- Oidhreachta stairiúil, mheánaoiseach agus Sheoirseach Dhroichead Átha a chur chun cinn chun tarraingt

Geata Réigiúnach

thábhachtach a dhéanamh den bhaile laistigh de Shlí na Bóinne ina iomláine. D'fhéadfadh Gleann an Bóinne, Láthair Chath na Bóinne agus Brú na Bóinne a bheith ar áireamh sa cheann scríbe tábhachtach seo do thurasóirí idirnáisiúnta.

- An más deasghnách a bhronn Liam Oráiste ar Dhroichead Átha a athchóiriú agus a chur ar taispeáint i ngailearaí Highlanes.
- Tacaíocht d'ócáid lae na mBailte Múrtha ag Cnoc an Mhuilinn, Droichead Átha.
- Cairt 1697 Liam III agus léarscáil 1657 le Ravell a chaomhnú.
- Staidéar Caomhantais Mhainistir Bhuithe a thabhairt chun críche, a ghlacadh agus a chur ar taispeáint don phobal.
- Bheith bainteach le hainmniú Mhainistir Bhuithe mar cheann de shraith láithreacha mhainistreacha Críostaí ar liosta sealadach na hÉireann de Láithreacha Oidhreachta Domhanda molta.
- Bainistíocht a dhéanamh ar ghlacadh an chéad Phlean Caomhantais agus Bainistíochta do Bhaile Múrtha Bhaile Átha Fhirdhia.
- An "Field Guide to the Geology of Cooley, Gullion, Mourne and Slieve Croob" a sheoladh.
- Bá Dhún Dealgan a chur chun cinn mar an láthair is tábhachtaí d'éin gheimhridh i bPoblacht na hÉireann.
- Tacú le tionscadal leanúnach na nGearbhróg Beag ag Baile Trá.

Turasóireacht

Rinneadh dul chun cinn sa bhliain 2010 ar an mbonneagar siúil a fhorbairt sa Chontae. Ceapadh bealaí siúil a bheidh mar chuid de na Bealaí Siúil Lúbtha Náisiúnta i leithinis Chuaille, sa Choimín, ar Shliabh Feá agus ag Bearna Mhéabha.

Tá bealaí siúil ar fáil ar Leithinis Chuaille anois do gach cineál siúlóra le gur féidir le cách sult a bhaint as an timpeallacht mhórthaibhseach agus as áilleacht nádúrtha Loch Chairlinn. Ceapadh na bealaí siúil chun iad a bheith oiriúnach do gach leibhéal corpacmhainneachta. Cuirtear caoi orthu go rialta agus féadfaidh an siúlóir ócáideacha agus fóillíochta, leis, sult a bhaint astu. Tá deich gcinn de shiúláin ar fáil sa cheantar anois; tá radharc maith ó gach ceann díobh, tá cuailí eolais ar na bealaí agus tá léarscáileanna ar fáil mar threoir dóibh.

De thoradh comhair idir Comhairle Contae Lú, Fáilte Ireland, Comhairle Contae na Mí agus lucht turasóireachta ceapadh Clár Ceann Scríbe Abhainn na Bóinne agus branda



Ghleann na Bóinne, tionscnamh a fhéachann leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainn an cheantair mar láthair do thurasóirí agus chun ceann scríbe turasóireachta a dhéanamh na Bóinne tríd síos i gContae Lú agus i gContae na Mí. Tá forbairtí tábhachtacha idir lámha chun an ceantar sin a chur chun cinn, lena n-áirítear Bealach Tiomána Ghleann na Bóinne a nascaidh na mórthailte agus tarraingtí cultúrtha sa cheantar. Osclaíodh Oifig Eolais Turasóireachta nua go hoifigiúil i nDroichead Átha sa bhliain 2010 agus tá sé suite anois i bhfoirgneamh stairiúil Shráid Halla an Bhaile i lár an bhaile ag an aomhal idir Sráid na gCapall agus Sráid na Siopaí. Rinneadh an foirgneamh sin a athchóiriú le deireanas.

Tugadh tionscnamh nua isteach sa bhliain 2010 chun tacú le hóstáil féilte ar fud an chontae. Scéim Deontais agus Féilte Chomhairle Contae Lú a thugtar ar an tionscnamh sin. Cuireadh €20,000 ar fáil do na himeachtaí sin agus ar na féilte ar tacaíodh leo sa bhliain 2010 bhí: Féile Bia Dhroichead Átha, Oidhreacht Chairlinn 800, Féilte Oisre Chairlinn, Féile Samba Dhroichead Átha agus Seó Dhroichead Átha.

Ba é Dún Dealgan an t-ósta sa bhliain 2010 ar an tSeaimpíneacht Shinsearach Eorpach sa Bhadmantan i bPáirc Oiriaila i nDún Dealgan ón 27 Meán Fómhair go dtí an 2 Deireadh Fómhair 2010.

Braitear gur príomhthiománaithe an fháis eacnamaíochta i Lú sa todhchaí a bheidh sa turasóireacht agus san oidhreacht agus tá iar-phríomhfhéidhmeannach an K Club, Ray Carroll, tar éis dul i gceannas ar an bhfóram Turasóireachta agus Oidhreachta. Ceann amháin de phríomhghníomhaíochtaí an ghrúpa ná Plean Gníomhaíochta Turasóireachta agus Oidhreachta a chur ar fáil faoi mar a d'aontaigh Fóram Eacnamaíoch Lú agus sainaitníodh seacht gcinn de réimsí téamacha don phlean sin: Gníomhaíochtaí & Fóillíocht, Féilte & Bia, Oidhreacht & Cultúr, Nuáil, Pacáistíocht & Braislíú, Margaíocht/Caidreamh Poiblí agus Cumarsáid agus Cistiú, chun an turasóireacht a fhorbairt i gContae Lú sna blianta atá romhainn. Cheap an grúpa branda nua don chontae, leis, agus tá síil úsáid a bhaint as an mbranda sin "Lú: Tír na bhFinscéalta agus an Spraoi" chun an contae a chur chun cinn mar cheann scríbe a bheidh inchurtha lena bhfuil ann.

Ealaíona, Cultúr & Fóillíocht

Seirbhís Ealaíon 2010 - buaicphointí

Thionscain Seirbhís Ealaíon Údarás Áitiúla Lú raon leathan imeachtaí, féilte agus tionscadal ealaíon i gcaitheamh na bliana agus thacaigh an tseirbhís leo. Cuireadh cistiú ar fáil do ghníomhaíochtaí áitiúla ealaíon trí na deiseanna a chuirtear ar fáil faoi mheirge CreateLouth.



Féilte

Tionscnaimh de chuid na Seirbhíse Ealaíon is ea Féile Ealaíon Dhroichead Átha agus Féile Bharócach Bhaile Átha Fhirdhia agus bhí clár éagsúla agus nuálacha ag an dá fhéile sa bhliain 2010. Mhainigh an tSeirbhís Ealaíon roinnt féilte eile ar fud an chontae, leis, dála Féile Samba Dhroichead Átha, Féile an Táin, Ceol Chairlín, Deireadh Seachtaine Ceoil Thraidisiúnta Dhroichead Átha, An Chúirt Chruitreachta, Fleádh Chontae Lú, Leanbh agus Deireadh Seachtaine Seite Thearmann Feichín. Lena chois sin, d'éagraigh an tSeirbhís Ealaíon ceolchoirm speisialta i Halla an Bhaile sa Chabhán, dar teideal 'Louth and Proud' mar chuid de Fhleádh Cheoil na hÉireann, inar sheinn cuid de na ceoltóirí traidisiúnta is fearr dá bhfuil againn i Lú.

Na hAmharcealaíona

Is í an tSeirbhís Ealaíon a bhainistíonn Gailearaí an Íoslaigh i Halla an Bhaile, Dún Dealgan, agus a cheapann clár an ghailearaí. Cuireadh ceithre cinn de thaispeántais aonair ar an mórsála ar siúl ann sa bhliain 2010. B'iad Frances Lambe, John O'Connor, Ken Finnegan, agus Jim Collins, na healaíontóirí a bhí i gceist. Bhain an tSeirbhís Ealaíon leas as an Scéim Chéatadán don Ealaín chun an dealbhóir John O'Connor a choimisiúnú chun mír ealaíne phoiblí a chruthú do Bhóthar na Feirme, Dún Dealgan.

Na hEalaíona Rannpháirteacha

I gcomhar leis an gCeoláras Náisiúnta i mBaile Átha Cliath agus leis an Netwell Centre, Institiúid Teicneolaíochta Dhroichead Átha, d'éagraigh an tSeirbhís Ealaíon sraith ceolchoirmeacha do sheanóirí i suíomhanna éagsúla, lena n-áirítear óstáin, ionaid chúram lae, tithe altránais agus ospidéal. Ceapadh clár a measadh a bhainfeadh seanóirí sult astu agus thug ceoltóirí a sheinneann go rialta sa Cheoláras Náisiúnta ceol agus amhráin fad leis na céadta daoine ar fud an chontae.

Mar chuid de Bhealtaine – an fhéile a cheiliúran an chruthaitheacht san aos aosta, chuaigh 'Fruitcake', dráma nua le Alice Barry, ar camchuart chuig ionaid éagsúla ar fud an chontae. I gcomhar le Comhairle Contae na Mí a eagraíodh an chamchuart sin. Dráma faoi cheisteanna teaghlaigh agus cuimhní cinn atá ann agus bhí páirt ann ag an aisteoir clúiteach Mary McEvoy.



Ealaíona, Cultúr & Fóillíocht

Comhpháirtithe

Oibríonn an tSeirbhís Ealaíon le raon leathan comhpháirtithe chun a théarmaí tagartha a chomhlíonadh, is é sin teacht níos forleithne a thabhairt ar na healaíona i Lú. Trí chaidreamh foirmiúil, ar nós ballraíocht Boidr, nó trí naisc neamhfhoirmiúla, is mór ag an tSeirbhís Ealaíon na comhpháirtithe ar fad atá aici. Ina measc siúd tá: Barbican Centre, Coiste Gairmoideachais Lú, Fáilte Ireland, Ionad Ealaíon an Droichid, Músaem an Chontae, Dundalk TCCM, Cumann Ceoil Chomhaimseartha Lú, Ionad Ealaíon na Mílaoise, Port an Dúnáin, an TLT, Louth Craftmark, Lochán Bhaile Lias, an Chomhairle Ealaíon, Highlanes Gallery, LMFM, Nexus Arts, Teach Anaverna, Dundalk fm, Ionad na Tríonóide Naofa, Ceolfhoireann Bharócach na hÉireann.



Bronnadh Pháipéir Emerson.

Jayne Hutchinson, Cúntóir Cartlainne, Audrey Emerson, John Emerson, bronnóir Pháipéir Emerson, Patrick Lynch, Collann, agus Lorraine McCann, Cartlainnaí Contae

Seirbhís Leabharlainne Chontae Lú

Cuirtear Seirbhís Leabharlainne Chontae Lú ar fáil trí chúig cinn de leabharlanna brainse ag Dún Dealgan, Droichead Átha, Baile Átha Fhirdhia, Cairlinn agus Dún Léire. Tá leabharlann taistil ann chomh maith a thugann cuairteanna ar 53 láthair ar fud an chontae, lena n-áirítear ionaid chúraim lae agus creiseanna. Freastalaíonn an tseirbhís taistil ar dhá ionad staid ag An Inse, Co. na Mí, ar bhonn gníomhaireachta. Freastalaíonn Seirbhís Leabharlainne Scoile Lú ar 75 bhunscoil ar fud an chontae.

An Úsáid a Bhaintear as Leabharlanna Chontae Lú	2010	2009	2008
<i>Míreanna a tógadh ar iasacht</i>	432,558	336,757	298,841
<i>Cuairteanna ar na leabharlanna lánaimseartha</i>	216,846	219,531	200,350
<i>Iasachtóirí cláraithe</i>	12,176	11,965	10,627
<i>Seisiúin idirlín curtha ar fáil</i>	21,818	19,317	14,936

Stoc Leabharlainne

Gheofar i mbailiúcháin stoic na leabharlainne leabhair, dlúthdhioscaí ceoil, pacáí acmhainne teanga, físeáin eolais agus DVDanna, ar féidir le hiasachtóirí a thógáil ar iasacht. Ceannaíodh leabhair bhreise féinteiripe agus CDanna sa bhliain 2010, agus leathnaíodh an t-ábhar a bhaineann le foghlaim teangacha chun ábhar a sholáthar maidir le 45 teanga.

Staidéar Áitiúil / Cartlanna

Bhí ábhar oiriúnach á fháil i gcónaí ag Leabharlanna Chontae Lú, i gcomhar le Seirbhís Staidéir Áitiúil agus Ghinealais Lú, a bhain le stair agus le hoidhreacht chultúrtha an chontae. Tá dlúthnasc ag an Leabharlann le cumainn staire áitiúla agus le grúpaí a fhéachann le hoidhreacht shaibhir Lú a chur chun cinn agus a chaomhnú. Soláthraíonn an tseirbhís gheinealais ar líne eolas agus cúnaimh do dhaoine atá ag rianú a gcraobh ghinealaigh, agus gineann sé sruth ioncaim bhreise don tseirbhís leabharlainne.

Bailiúcháin Nuachtán

Tá cóipeanna ceangailte de The Dundalk Democrat, The Argus agus den Drogheda Independent ar fáil le léamh i leabharlanna Dhún Dealgan agus Dhroichead Átha. Tá an Dundalk Democrat ó 1849 -2009 agus The Argus ó 1986 – 1999 ar fáil ar mhicreascannán i Rannóg Tagartha Leabharlann Dhún Dealgan. Tá cóipeanna de The Drogheda Independent ó 1884 – 1949 agus de The Argus ó 1838 – 1896 ar fáil ar micreascannán i Leabharlann Dhroichead Átha. Tá irisí staire agus ábhar eile a bhaineann leis na bailte ar fáil freisin lena gceadú.

Ealaíona, Cultúr & Fóillíocht

Forbairt Brainsí

Faoi na rialacháin phleanála agus forbartha 2001 (Cuid 8) arna leasú, thug Comhairle Contae Lú fógra go raibh oibreacha beartaithe ar leabharlann Chairlín (Teach na Cúirte, mar a bhí). Cuirfidh an obair seo seirbhís fheabhsaithe ar fáil don phobal áitiúil.

Ríomhairiú

Bhí teacht ar an Idirlíon le fáil ag an bpobal i gcónaí i ngach ceann de bhairsí na leabharlainne. Cuireadh 21,818 seisiún Idirlín in áirithe sa bhliain 2010. Tá catalóg Leabharlann Chontae Lú, atá ar fáil ar an Idirlíon, á tabhairt cothrom le dáta an t-am ar fad.

Tá Leabharlanna Chontae Lú páirteach in dhá thionscnamh nua sa leabharlann áitiúil i gcomhar le Age Action Ireland agus i dtionscadal ríomhfhoghlama le FÁS, chun daoine a mhisniú chun scileanna ríomhaireachta a fhoghlaim agus dul i dtaithí ar fhón póca. D'óstáil Leabharlann Dhún Dealgan tionscnamh 'Logáil Isteach & Foghlaim' arna eagrú ag an Nestling Centre, Institiúid Teicneolaíocht Dhún Dealgan, mar a spreagtar daltaí iarbhunscóile chun cabhrú le 'mic léinn fásta' cuntais ríomhphoist a bhunú agus dul ag scimeáil ar an Idirlíon.

Tionscadal Europe Direct

Cuireann Leabharlann Dhún Dealgan seirbhís eolais ar fáil don phobal agus do ghnólachtaí i dtaobh ábhar agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an AE. Tairgeann an tseirbhís rochtain tiomnaithe ar eolas faoin Eoraip i bhfiche teanga ar ríomhaire pearsanta mar aon le tuairiscí agus paimfléid; leabhair d'aoisigh agus do leanaí; seirbhís fón saor in aisce chuig ionad Europe Direct sa Bhrúiseil agus imeachtaí agus gníomhaíochtaí rialta bunaithe ar théama Eorpach.

Ceann de thionscnaimh Europe Direct i Leabharlann Bhaile Átha Fhirdhia ab ea feachtas a chothú ar an Timpeallacht agus ar Eisiámh Sóisialta, agus ceardlanna eolais a chur ar fáil ina dtaobh. Sa chomhthionscadal seo idir an leabharlann, scoileanna áitiúla agus an Garda Síochána, aibhsíodh feachtas an phobail agus freagracht shóisialta sa phobal áitiúil. Ceithre ábhar a clúdaíodh sa tionscadal:

- CSI Europe Direct ag an Leabharlann
- Sábháilteacht ar bhóithre & freagracht shaoránaigh an AE
- Feachtas phoiblí & cúram don timpeallacht
- Eisiámh sóisialta & feachtas chultúrtha

Gníomhaíochtaí For-rochtana

Eagraíodh clár éagsúil rialta d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí i Leabharlann Chontae Lú sa bhliain 2010. I measc na ngníomhaíochtaí bhí taispeántais, scéalaíocht, stair áitiúil, ceardlanna ginealais, imeachtaí ealaíon agus seisiúin cheardaíochta. Bhí na leabharlanna páirteach i gcónaí in imeachtaí náisiúnta, mar shampla, Seachtain Litearthachta na nAosach, Féile Leabhar na bPáistí, Seachtain na Gaeilge, Bealtaine agus Seachtain na hEolaíochta i gcaitheamh na bliana.

Imeachtaí Léitheoireachta

Ar bhuaicphointí na bliana 2010 bhí comhoibriú le seachtain Tar ar ais chuig an Leabharlann le Bord Gáis Energy, nuair a thug an t-údar agus pearsa spóirt Brent Pope ceardlanna agus léamhanna uaidh. Chuathas i gcomhar le Disney, leis, chun ceardlanna mar gheall ar "Disney Princess and the Frog" a eagrú do leanaí óga. Thug na húdair chluíteacha Éireannacha Dermot Bolger agus Deirdre Purcell léargas spéisiúil ar a saol agus ar a saothar dá lucht éisteachta.



Brent Pope in éineacht le daltaí ó Scoil Mhuire na nGael agus iad ag glacadh páirte in "Rediscover Your Library Week" ag Leabharlann Dhún Dealgan

Ealaíona, Cultúr & Fóillíocht

Seirbhís Chartlainne Chontae Lú

Bailíonn an tSeirbhís Chartlainne cartlanna rialtais áitiúil i gContae Lú agus cuireann siad ar fáil don phobal iad. Bailíonn sí, leis, cartlanna príobháideacha a léiríonn stair agus forbairt an chontae, cartlanna a fhaightear ó eastáit talún, ó dhaoine aonair, ó choistí, ó chlubanna, ó scoileanna, ó shéipéil agus ó ghnólachtaí. Cuirtear ar fáil don phobal iad ina dhiaidh sin.

Éadálacha

Bhí áthas ar an tSeirbhís Chartlainne roinnt bailiúchán tábhachtach cartlainne a fháil i gcaitheamh na bliana. Ó Chumann Seandálaíochta agus Staire Chontae Lú a fuarthas cuid mhaith díobh sin. Ina measc siúd bhí páipéir thábhachtacha a bhain le Joseph Dolan ó Bhaile Átha Fhirdhia, a bhí ar dhuine de bhunaitheoirí an chumainn. Bhí siopa grósaera agus gnó crua-earraí ag Dolan i mBaile Átha Fhirdhia agus bhí meas air mar scoláire, mar scríbhneoir agus mar staraí. Chuir sé an-spéis i gConradh na Gaeilge. Déanfar aon bhailiúchán amháin as an ábhar seo agus ábhar eile a bhronn Dolan ar an tSeirbhís Chartlainne roimhe sin. Bhronn an Cumann bailiúchán léasaí ar an tSeirbhís chomh maith, léasanna a bhain den chuid is mó leis an naoú haois déag luath, agus le réadmhaoin agus talamh a ligeadh ar cíos ó eastát Dhún Dealgan de chuid an iarla Roden. Fuarthas, leis, léasaí agus dintiúir a bhain le bailte fearainn éagsúla i gContae Lú, mar aon le grianghraif agus cártaí gnó, cuiridh chuig imeachtaí sibhialta agus eaglaise, agus cuntais Bhardas Dhún Dealgan sna 1750idí.

Bailiúcháin eile a bronnadh i gcaitheamh na bliana ab ea ábhar a bhain le clubanna lúthchleasaíochta áitiúla i nDún Dealgan agus leis an lúthchleasaí áitiúil Peter McArdle, agus ceiríní agus grianghraif ó chuideachta leictreach ECCO atá lonnaithe i nDún Dealgan (ar a dtugtaí an General Electric Company agus Little Fuse Ltd. tráth). Fostóir mór ab ea an chuideachta sin i gceantar Dhún Dealgan idir na 1960idí agus tús na mílaoise seo. Micrhliseanna agus comhpháirteanna leictreacha a rinne siad. Próiseálfar na bailiúcháin sin sa bhliain 2011 agus cuirfear ar fáil iad ar an gcatalóg ar líne. Is féidir na bailiúcháin chatalógaithe ar fad a fheiceáil inár Seomra Taighde ach coinne a dhéanamh (Teil.) 042 9339387).

Catalóg na Cartlainne

Tá catalóg na cartlainne á caighdeánú de réir a chéile. I gceist ansin tá na bailiúcháin atá sa chatalóg cheana féin a sheiceáil ina gceann agus ina gceann le go mbeidh siad ar an gCaighdeán Idirnáisiúnta Cartlainne ISAD (G). Bailiúcháin a fuarthas an bhliain roimhe sin, na léarscáileanna curadóireachta agus na clárleabhair a bhronn an Roinn Talmhaíochta orainn sa bhliain 2009, próiseáladh iad de réir an Chaighdeáin sin agus tá siad ar fáil anois sa chatalóg ar líne, ag www.louthcoco.ie

Caomhnú

Bhronn John Emerson Páipéir Emerson orainn sa bhliain 2009. Páipéir iad sin a chlúdaíonn an tréimhse 1825 go 1925 i 25 imleabhar de leabhair chíos, irisí agus leabhar adhmaid, a bhain le heastáit talún i gCollann i gContae Lú den chuid is mó ach a shín isteach i mbailte fearainn i gContae na Mí, leis. Ceann de heastáit ba mhó spéis ná eastát mhuintir Foster/Massereene, ar ghlac a dtionóntaí an Plean Beartaíochta (1886 – 1891) agus a d'éiligh laghdú cíosa ar an tiarna talún. Bhí droch-bhail ar na himleabhair nuair a fuarthas iad, bhí damáiste déanta de na cláir cheangail agus do dhroim na leabhar agus ag feithidí, uisce, agus músacán. Seoladh gach ceann de na 25 imleabhar chuig speisialtóir caomhantais lena gcaomhnú, arna mhaoiniú ag an gComhairle Oidhreachta. I gceist ansin bhí na ceangail agus na téacsbhloic a dhíghalrú, na feithidí a ruaigeadh, dí-aigéadú a dhéanamh ar na leabhair, deisiúcháin struchtúracha a dhéanamh orthu agus ceangail nua a chur orthu. Ina dhiaidh sin, cuireadh na himleabhair ar fáil lena gceadú ag an bpobal inár Seomra Taighde.

Gníomhaíochtaí For-rochtana

Chun Seachtain na hOidhreachta i mí Lúnasa agus Mí Fheasacht ar Chartlanna i mí Mheán Fómhair a chomóradh, bhí taispeántas d'ábhair chartlainne a bhain le heastát an Iarla Roden i nDún Dealgan ag Seirbhís Chartlainne Chomhairle Contae Lú. Ar an ábhar a cuireadh ar taispeántas bhí léasaí, léarscáileanna, grianghraif agus leabhar ceant eastát Roden. B'as bailiúchán Roden a tháinig formhór na nithe a bhí ar taispeántas, bailiúchán atá ag an tSeirbhís Chartlainne. Fuarthas nithe eile ar iasacht ó institiúidí eile.

Chun feasacht a chothú ar obair na Seirbhíse Cartlainne agus chun blais a thabhairt don phobal de na cineálacha cartlann atá againn, ceannaíodh dhá cheann de chásanna taispeána nua cartlainne, le cistiú ón gComhairle Oidhreachta, chun míreanna ón tSeirbhís Chartlainne a chur ar taispeántas i bhfor-halla Chomhairle Contae Lú agus Halla Baile Dhún Dealgan.



Ba é Evan Quigley ó Scoil Phódraig Naofa, Cill an Churraigh a bhuaigh an comórtas náisiúnta le haghaidh áit ag cur ar scáileán príobháideach de "Toy Story 2" i bPictiúrlann IMC Dhún Dealgan. Ba í Seirbhís Leabharlainne Chontae Lú a reáchtáil an comórtas i gcomhar le Disney Pictures agus an Chomhairle Leabharlainne.

Rúnaíocht an Bhoird Forbartha Contae



Lú: Contae Aoisdháimhiúil

Seo í an chéad Tuarascáil Bhliantúil ó Chomhaontas Contae Aoisdháimhiúil Lú ar Thionscnamh Contae Aoisdháimhiúil Lú. Sheol Dermot Ahern, an tAire Dlí agus Cirt, agus Athchóirithe Dlí Tionscnamh Contae Aoisdháimhiúil Lú i Samhain 2008. Roimhe sin, ba iad Dún Dealgan agus an Institiúid Teicneolaíochta na príomhpháirtithe Éireannacha i dtionscadal idirnáisiúnta ar Cathracha Aoisdháimhiúla arna urrú ag Eagraíocht Sláinte Dhomhanda sa bhliain 2007.

Ba í Áine Brady, T.D., an tAire Seanóirí a sheol doiciméad Straitéis Chontae Aoisdháimhiúil Lú i nDroichead Átha. Tá an straitéis ailínithe le creat 8 bpointe WHO a tháinig as tionscadal staidéir idirnáisiúnta ar 33 cathair sa bhliain 2007.

Díríodh sa bhliain 2009 ar na clocha coirnéil a shuí le go mbeadh bonn eolais daingean faoin tionscnamh. Ceapadh Straitéis Chontae Aoisdháimhiúil Lú agus bhí sé mar ábhar le próiseas comhairliúcháin fairsing as ar seoladh é i Samhain 2009. Aontaíodh an bhrandáil don tionscnamh agus ceapadh fearann suímh Ghréasáin ag www.louthagefriendlycounty.ie

Comhaontas Aoisdháimhiúil Chontae Lú

Grúpa straitéiseach ardleibhéal is ea Comhaontas Aoisdháimhiúil Lú ina bhfuil oifigigh ó na grúpaí seo a leanas: na húdaráis áitiúla, FSS, Ageing Well Network, SEI, Fóram Seanóirí Lú, Comhairle Tithíocht Shóisialta na hÉireann, Cumann Feirmeoirí Éireann, Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, an Netwell Centre agus an Garda Síochána. Is é cúram an Chomhaontais Straitéis Chontae Aoisdháimhiúil Lú a chur i ngníomh ina iomláine agus comhaontais straitéiseacha a dhéanamh chun é sin a chinntiú.

Fóram Seanóirí Lú (LOPF)

Bunaíodh Fóram Seanóirí Lú sa bhliain 2009. D'aontaigh na seanóirí struchtúr an fhórait le linn ceithre cheardlann a tionóladh i nDroichead Átha agus i nDún Dealgan agus ar áireamh ann tá grúpaí seanóirí, grúpa tacaíochta, tithe altranais, ionaid chúraim lae agus daoine aonair. Chláraigh 66 duine leis an bhFóram go dtí seo. Toghadh grúpa feidhmiúcháin de dháréag agus bhí cruinnithe míosúla aige ó bunaíodh é.

Mar chuid de théarmaí tagartha an Fhórait aontaíodh go gceapadh an Fóram plean gníomhaíochta ar bhonn bliantúil. Bhí lá beartais ag an bhfóram in Óstán an Westcourt inar sainaitníodh sé cinn de réimsí beartais:

- Sábháilteacht agus Slándáil
- Oiriúnú Tithíochta
- Tacaíochtaí Baile
- Iompar
- Saorálaithe
- Spóirt

Taighde

Taighde sonraí bonnlíne

Sainaitníodh breis is 1200 seanóir ar fud an chontae agus rinneadh teagmháil leo trí phróiseas randamach ag iarraidh orthu bheith páirteach sa staidéar bonnlíne. Dearadh leagan amach an suirbhé go cúramach chun díriú ar thagarmharc cáilíochtúil agus cainníochtúil a sholáthar le haghaidh dearadh agus seachadadh seirbhísí feasta. Beidh ceangal idir é agus creat cathracha aoisdháimhiúla na hEagraíochta Sláinte Dhomhanda ar fud an domhain agus an staidéar náisiúnta TILDA arna bhainistiú ag Coláiste na Tríonóide. Chomhlánaigh 1000 duine an suirbhé go dtí seo.

Gheofar eolas breise ar an tuarascáil bhliantúil iomlán ar www.louthagefriendlycounty.ie (ioslódáil).



Rúnaíocht an Bhoird Forbartha Contae

An Fhoireann Fheidhmithe Míchumais

Cuireadh Cistiú Straitéise Míchumais ar fáil sa bhliain 2010. Tugadh faoi oibreacha caipitil chun cuidiú le daoine faoi mhíchumas teacht a fháil ar sheirbhísí údaráis áitiúil.

Foireann ARD (Frithchiníochas agus Míchumas)

Athbhreithníodh Plean ARD ó thaobh ghníomhartha Údaráis Áitiúla Lú sa chéad ráithe den bhliain 2010.

Seoladh an Treoir um Chónaí i Lú i dtrí cinn déag de theangacha i nDeireadh Fómhair 2010.

An Fóram Pobail agus Deonach

Bhí cruinnithe rialta ag an bhfóram Pobail agus Deonach sa bhliain 2010 agus lean sé de bheith ag cur obair an fhórait chun cinn agus ag mealladh ball nua.

Laethanta Taispeána do Shaorálaithe

Eagraíodh dhá cheann de laethanta taispeána i mBealtaine 2010 chun aird a tharraingt ar ghrúpaí deonacha Chontae Lú agus chun daoine ar mhaith leo bheith ina saorálaithe a spreagadh le casadh ar na grúpaí. Chlúdaigh na grúpaí sin raon leathan ábhar spéise.

Ionadaíonn an Fóram/baill an líonra don earnáil pobail agus deonach ar:

- Bord Forbartha Contae Lú
- An Tascfhórsa Drugaí Réigiúnach
- Na Comhchoistí Póilíneachta
- CBS Chomhairle Contae Lú
- CBC Chomhairle Baile Dhún Dealgan
- Coiste Chúram Leanáí Chontae Lú
- An Fóram Náisiúnta Pobail
- An Fóram Pobail Réigiúnach
- Comhpháirtíocht Leader Lú

Cuimsiú Sóisialta

Dámhachtainí Rochtana Lú

I mí Dheireadh Fómhair 2010, mar chuid den Bhliain Eorpach um Chomhrac na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta, d'éagraigh an t-aonad um Chuimsiú Sóisialta i gcomhar leis an bhFóram Pobail agus Deonach dámhachtainí 'Rochtana Lú' in Óstán an Crowne Plaza i nDún Dealgan. Faoin tionscnamh sin, d'ainmnigh baill den Fhóram Míchumais agus d'Fhóram Seanóirí Lú na gnólachtaí agus na háitribh sin ab éasca teacht a fháil orthu i seacht gcatagóir déag dhifriúla.

Cothú Feasachta

Reáchtáladh feachtas rathúil i nDeireadh Fómhair 2010 chun aird a dhíriú ar ghrúpaí atá eisiata go sóisialta sa chontae.

An tSeachtain Náisiúnta Inrochtaineachta

Mar chuid den tSeachtain Náisiúnta Inrochtaineachta chuir an tAonad um Chuimsiú Sóisialta 'Tionscnamh Ceartpháirceála' chun cinn ar an Lá Náisiúnta Míchumais d'aon ghnó, a dhírigh go háirithe ar pháirceáil mhídhleathach agus ar pháirceáil neamhthuisceanach.

Foireann na mBearta um Chuimsiú Sóisialta

Bhí sé chruinniú ag an bhfoireann le linn 2010. Dhá fhoghrúpa a rinne an taighde, foghrúpaí a bunaíodh faoi na Bearta um Chuimsiú Sóisialta maidir leis na nithe seo a leanas:

- An Tionscnamh um Luathfhágáil na Scoile a thacú
- Tionscnaimh fostaíochta pobalbhunaithe atá anois ann a choimeád ar siúl.

Grúpa Idirghníomhaireachta na dTaistealaithe

Athbhunaíodh é in Aibreán/Bealtaine 2010. Cuireadh tús i mí Bhealtaine 2010 le hathbhreithniú ar an bPlean Gníomhaíochta Idirghníomhaireachta do Thaistealaithe 2010-2013.

Scéim na nAláram Deataigh Pobail

Leithdháileadh aláram dheataigh ar 450 teaghas faoin scéim seo, le cúnamh ó Chomhordaitheoirí RAPID, grúpaí pobail, Seirbhís Dóiteáin Dhún Dealgan, Cumann Naomh Uinseann de Pól, Comhairleoirí agus Teachtaí Dála an Chontae.

Sparánachtaí Oideachais

Bronnann Comhairle Contae Lú, le cúnamh ó Chomhairle Buirge Dhroichead Átha agus ó Chomhairle Baile Dhún Dealgan, sparánachtaí oideachais bliantúla, chun cuidiú leo siúd nach mbeadh ar a gcumas freastal ar chúrsa tríd leibhéal gan an cúnamh airgid sin. Bronnadh sé cinn de sparánachtaí sa bhliain 2010.

Daonlathas Áitiúil

Seirbhísí Don Saoránach

Saoráil Faisnéise

Sa bhliain 2010 rinneadh roinnt iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Tháinig méadú de 1.05% ar fhiigiúir na bliana 2009 i gComhairle Contae Lú. I gComhairle Buirge Dhroichead Átha, thit líon na n-iarratas a fuarthas de 67% i gcomparáid leis an mbliain 2009 agus mhéadaigh líon na n-iarratas i gComhairle Baile Dhún Dealgan de 125% i gcomparáid le fiigiúirí na bliana 2009.

	Comhairle Contae Lú 2009	Comhairle Buirge Dhroichead Átha 2009	Comhairle Baile Dhún Dealgan 2009	Comhairle Contae Lú 2010	Comhairle Buirge Dhroichead Átha 2010	Comhairle Baile Dhún Dealgan 2010
Líon lomlán na n-iarratas	22	9	4	23	6	9
Pearsanta	3	5	0	4	2	2
Neamh-phearsanta	14	4	3	11	4	7
Measctha	5	Nialas	1	8	Nialas	Nialas
Iarratais Cheadaithe	8	7	2	8	2	5
Iarratais a Ceadaiódh go Páirteach	4	Nialas	2	9	Nil	3
Iarratais Dhiúltaithe	7	2	1	6	4	Nialas
Iarratais Aistarraingthe	1	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
Líon na n-iarratas arna n-aistarraingt agus arna láimhseáil lasmuigh de SF	1	Nialas	2	Nialas	Nialas	Nialas
Iarratais ar Athbhreithniú Inmheánach	1	Nialas	Nialas	1	Nialas	Nialas
Achomhairc chuig an gCoimisinéir Faisnéise	1	Nialas	Nialas	1	Nialas	Nialas
Foinse Iarratas						
Iriseoirí	3	1	Nialas	5	Nialas	Nialas
Gnó	3	Nialas	Nialas	2	1	1
Oireachtas	0	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
Eile/An Pobal i gCoitinne	13	8	4	16	5	7
Eile/An Pobal i gCoitinne	3	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	1

Daonlathas Áitiúil

	Comhairle Contae Lú	Comhairle Buirge Dhroichead Átha	Comhairle Baile Dhún Dealgan
Gearáin leis an Ombudsman			
Gearáin a fuarthas i gcaitheamh na bliana	7	5	2
Ábhar na nGearán			
Pobal, Caitheamh Aimsire & Taitneamhachtaí			
Gnóthaí Corparáideacha.			
Comhshaol/Forfheidhmiú/Tréidlianna	1	1	
Airgeadas	2	1	
Forbairt Eacnamaíochta & Pleanáil don Todhchaí			
Tithíocht	2		
Pleanáil			
Iompar	2		2
Mótarcháin			
Seirbhísí Uisce		3	
Gearáin faoin gCairt do Chustaiméirí			
Gearáin a fuarthas i gcaitheamh na bliana 2010	7	7	4

Táblaí agus Aguisíní

Príomhtháscairí Feidhmíochta

SEIRBHÍS DÓITEÁIN	2008	2009	2010
F1 Slógadh na Seirbhíse Dóiteáin			
A An meántréimse ama, i nóiméid, a thógann sé briogáid dóiteáin a shlógadh i stáisiúin lánaimseartha i gcás dóiteáin	2.17	2.06	2.13
B An meántréimse ama, i nóiméid, a thógann sé briogáid dóiteáin a shlógadh i stáisiúin pháirtaimseartha i gcás dóiteáin	3.57	3.97	3.85
C An meántréimse ama, i nóiméid, a thógann sé briogáid dóiteáin a shlógadh i gcás gach teagmhas éigeandála eile	1.82	1.6	2.12
D An meántréimse ama, i nóiméid, a thógann sé briogáid dóiteáin a shlógadh i stáisiúin pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin choimeádta) i gcás gach teagmhas éigeandála eile	3.64	3.84	4.12
F2 An Céatadán Láithreachta ag Ionaid			
A Céatadán na gcásanna dóiteáin inar sroicheadh an t-ionad laistigh de 10 nóiméad	60.93	71.85	65.95
B Céatadán na gcásanna dóiteáin inar sroicheadh an t-ionad tar éis 10 nóiméad agus laistigh de 20 nóiméad	34.94	30.57	29.36
C Céatadán na gcásanna dóiteáin inar sroicheadh an t-ionad tar éis 20 nóiméad	4.13	3.26	4.69
D Céatadán na dteagmhas éigeandála eile inar sroicheadh an t-ionad laistigh de 10 nóiméad	53.41	54.36	49.84
E Céatadán na dteagmhas éigeandála eile inar sroicheadh an t-ionad tar éis 10 nóiméad agus laistigh de 20 nóiméad	40.91	40.27	40.63
F Céatadán na gcásanna i gcás gach teagmhas éigeandála eile inar sroicheadh an láthair den chéad uair tar éis 20 nóiméad	5.68	5.37	9.52
F3 Cosc Dóiteáin			
A Uimhir iomlán na n-iarratas a fuarthas ar dheimhniú sábháilteachta ó dhóiteán	180	96	117
B Líon iomlán na n-iarratas ar dheimhniú sábháilteachta ó dhóiteán arna bpróiseáil (lena n-áirítear cásanna neamhbhailí)	170	96	111
C Líon iomlán na n-iarratas bailí	6	7	4

Táblaí agus Aguisíní

Príomhthásairí Feidhmíochta

RANNPHÁIRTÍOCHT PHOBAIL	2008	2009	2010	
CP1 Rannpháirtíocht i scéim áitiúil Chomhairle na nÓg				
Céatadán na scoileanna áitiúla agus na ngrúpaí óige atá bainteach le scéim Chomhairle na nÓg	65.52	65.52	95.45	Tá méadú suntasach ar CNN KPI i ngeall ar dheontas a fuairamar ó OMCYA a chuir ar ár gcumas oifigeach forbartha a fhostú tar éis próiseas tairiscintí, oifigeach a d'oibrigh le scoileanna agus le grúpaí ar annamh a chloistear uathu le go bhféadfaidís bheith rannpháirteach i gComhairle na nÓg.
CP2 Grúpaí atá cláraithe leis an bhFóram Pobail agus Deonach				
Líon na ngrúpaí atá cláraithe leis an bhFóram Pobail agus Deonach		108	165	
CEISTEANNA CORPARÁIDEACHA	2008	2009	2010	
C1 Laethanta Oibre a cailleadh toisc Breoiteacht				
A Céatadán na laethanta oibre a cailleadh trí shaoire bhreoiteachta dheimhnithe	4.41	4.27	3.93	
B Céatadán na laethanta oibre a cailleadh trí shaoire bhreoiteachta neamhdheimhnithe	0.97	0.79	0.63	
C2 Oiliúint agus Forás na Foirne				
Caiteachas ar Oiliúint agus ar Fhorbairt mar chéatadán de chostas iomlán an phárolla	5.23	3.75	3.12	
SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL	2008	2009	2010	
Uisce				
E1 Uisce Gan Tás				
Uisce gan tás mar chéatadán den uisce ar fad a sholáthraítear faoi scéimeanna soláthar uisce faoi chúram an údaráis áitiúil	44.19	47.14	42.89	
E2 Anailís ar Uisce Óil				
A Céatadán de thorthaí na hanailíse ar uisce óil i gcomhlíonadh riachtanas reachtúil i dtaca le scéimeanna poiblí	97.47	Fig to come from EPA	98.97	
B Céatadán de thorthaí na hanailíse ar uisce óil i gcomhlíonadh riachtanas reachtúil i dtaca le scéimeanna príobháideacha (de réir mar is cuí)	94.99	Fig to come from EPA	96.60	

Táblaí agus Aguisíní

Príomhtháscairí Feidhmíochta

BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA	2008	2009	2010
E3 Leithscaradh Dramhaíola* PRÍOBHÁIDITHE. C.C.L.			
A Céatadán an líonta tí a fhaigheann seirbhís bailithe dramhaíola agus a fhaigheann bailiúchán dramhaíola leithscartha d'ábhair in-athchúrsáilte tirime	- *	92.72	91.20
B Céatadán an líonta tí a fhaigheann seirbhís bailithe dramhaíola agus a fhaigheann bailiúchán dramhaíola leithscartha d'ábhair orgánach	- *	27.79	27.83
E4 Dramhaíl Teaghlaigh a Cuireadh ar Aghaidh lena nAthchúrsáil			
A Céatadán de dhramhaíl teaghlaigh a bailíodh ó cholbha an chosáin, agus a chuirtear ar aghaidh lena hathchúrsáil	27.59	47.10	20.51
B Tonnáiste de dhramhaíl teaghlaigh a bailíodh ó cholbha an chosáin, agus a churtear ar aghaidh lena hathchúrsáil	10637	8968	6029.00
			<i>Níor cuireadh an fhaisnéis ar fad ar fáil chun ríomh a dhéanamh don bhliain seo caite.</i>
C Tonnáiste dramhaíola teaghlaigh athchúrsáilte, a thagann ó dhramhaíl bailithe ó shaoráidí athchúrsála (.i. bainc beir leat, ionaid conláiste cathartha, stáisiúin aistriúcháin agus saoráidí athchúrsála eile)	5590	15724	16268.00
E5 Dramhaíl Teaghlaigh a Tugadh ar Shiúl chuig Láthair Líonta Talún			
A Céatadán dramhaíola teaghlaigh bailithe a chuirtear chuig láthair líonta talún	72.41	60.19	51.49
B Tonnáiste dramhaíola teaghlaigh bailithe a chuirtear chuig láthair líonta talún	27911	19735	15134.00
E6 Saoráidí Athchúrsála			
Líon iomlán na Láithreacha Beir Leat i gceantar an údaráis áitiúil	37	42	42
Líon iomlán na Láithreacha Conláiste Cathartha i gceantar an údaráis áitiúil	2	2	2
Gloine			
A Líon na nIonad Beir Leat athchúrsála	38	37	37
B Líon na nIonad Conláiste Cathartha athchúrsála	2	2	2
C Líon iomlán na saoráidí athchúrsála	40	39	39
D Líon na láithreacha athchúrsála in aghaidh gach 5,000 de dhaonra	1.8	1.75	1.75
Cannaí			
E Líon na nIonad Beir Leat athchúrsála	37	42	42
F Líon na nIonad Conláiste Cathartha athchúrsála	2	2	2
G Líon iomlán na saoráidí athchúrsála	39	44	44
H Líon na láithreacha athchúrsála in aghaidh gach 5,000 de dhaonra	1.75	1.98	1.98
Teicstílí			
I Líon na nIonad Beir Leat athchúrsála	0	0	0
J Líon na nIonad Conláiste Cathartha athchúrsála	2	2	2
K Líon iomlán na saoráidí athchúrsála	2	2	2
L Líon na láithreacha athchúrsála in aghaidh gach 5,000 de dhaonra	0.09	0.09	0.09

Táblaí agus Aguisíní

Príomhthásairí Feidhmíochta

BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA	2008	2009	2010
E6 Saoráidí Athchúrsála			
<i>Cadhnráí</i>			
M Líon na nlonad Beir Leat athchúrsála	0	0	0
N Líon na nlonad Conláiste Cathartha athchúrsála	2	2	2
O Líon iomlán na saoráidí athchúrsála	2	2	2
P Líon na láithreacha athchúrsála in aghaidh gach 5,000 de dhaonra	0.09	0.09	0.09
<i>Olaí</i>			
Q Líon na nlonad Beir Leat athchúrsála	0	0	0
R Líon na nlonad Conláiste Cathartha athchúrsála	2	2	2
S Líon iomlán na saoráidí athchúrsála	2	2	2
T Líon na láithreacha athchúrsála in aghaidh gach 5,000 de dhaonra	0.09	0.09	0.09
<i>Ábhair Eile</i>			
U Líon na nlonad Beir Leat athchúrs	43	43	42
